



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséal, 2 Meitheamh 2022  
(OR. en)

9707/22

ECOFIN 528  
UEM 135

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	2 Meitheamh 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 280 final
Ábhar:	Tuarascáil maidir le Cóinleasú 2022 ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 280 final.

Faoi iamh: COM(2022) 280 final



An Bhruiséil, 1.6.2022  
COM(2022) 280 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS  
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**TUARASCÁIL MAIDIR LE CÓINEASÚ 2022**

**(arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 140(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais  
Eorpaigh)**

{SWD(2022) 280 final}

## 1. CUSPÓIR NA TUARASCÁLA

Bhíothas ag súil leis ón tús gur airgeadra aonair an Aontais Eorpaigh ina iomláine a bheadh in airgeadra an euro. I láthair na huaire, tá thart ar 343 milliún duine á úsáid gach lá i 19 mBallstát sa limistéar euro. Ar na tairbhí praiticiúla, tá praghsanna cobhsaí, costais idirbhirt níos ísle do dhaoine agus do ghnólachtaí, margáí níos trédhearcaí agus níos iomaíche agus méadú ar thrádáil laistigh den Aontas agus ar thrádáil idirnáisiúnta. Is é an euro an dara hairgeadra is mó a úsáidtear ar fud an domhain freisin.

Le hAirteagal 140(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ceanglaítear ar an gCoimisiún agus ar an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle, uair amháin gach 2 bhliain ar a laghad, nó arna iarraidh sin do Bhallstát a bhfuil maolú aige<sup>1</sup>, ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit i gcomhall a n-oibleagáidí maidir le gnóthú an Aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta. Glacadh na Tuarascálacha maidir le Cóineasú is déanaí ón gCoimisiún agus ó BCE i mí an Mheithimh 2020.

Sa Tuarascáil maidir le Cóineasú, 2022 cumhdaítear na seacht mBallstát seo a leanas a bhfuil maolú acu: An Bhulgáir, an tSeicia, an Chróit, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin agus an tSualainn.<sup>2</sup> Sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo, tugtar measúnú níos mionsonraithe ar staid an chóineasaithe sna Ballstáit sin<sup>3</sup>.

Ceanglaítear le hAirteagal 140(1) de CFAE go n-áireofar sna tuarascálacha scrúdú ar chomhoiriúnacht na reachtaíochta náisiúnta, lena n-áirítear reachtanna an bhainc cheannais náisiúnta, le hAirteagal 130 agus 131 de CFAE agus le Reach an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh ('Reacht CEBC/BCE'). Sna tuarascálacha, ní mór a scrúdú freisin ar gnóthaíodh ardleibhéal cóineasaithe inbhuanaithe sa Bhallstát lena mbaineann, faoi threoir chomhlíonadh na gcritéar um chóineasú (cobhsaíocht praghsanna, airgeadas poiblí, cobhsaíocht an ráta malairte, rátaí úis fadtéarmacha), agus trí ghnéithe eile a bhaineann leis an gcomhtháthú eacnamaíoch agus leis an gcóineasú a luaitear san fhómhír dheiridh d'Airteagal 140(1) de CFAE a chur san áireamh. Déantar tuilleadh forbartha ar na ceithre chritéar um chóineasú i bprótacal atá i gceangal leis na Conarthaí (Prótacal Uimh. 13 maidir leis na critéir um chóineasú).

De dheasca ráig phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020, tharla mórshleabhcadh eacnamaíoch san Aontas ina iomláine agus i ngach Ballstát. Mar gheall ar ghníomhaíocht nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát aonair, maolaíodh tionchar na géarchéime agus tháinig téarnamh láidir dá toradh in 2021. Go háirithe, le gníomhachtú pras chlásal ginearálta éalaithe an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis, maille leis an gcreat sealadach maidir le státchabhair, bhíothas in ann tacaíocht fhioscach mhór-scála a chur ar fáil sna Ballstáit uile. Ghlac an Banc Ceannais Eorpach sraith leathan beart beartais airgeadaíochta freisin d'fhonn coinníollacha fabhracha maoiniúcháin a chaomhnú do gach earnáil den gheilleagar chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus chun cobhsaíocht praghsanna sa mheántearma a chosaint. Le cur i bhfeidhm na Saoráide

<sup>1</sup> 'Ballstáit a bhfuil maolú acu' a thugtar ar na Ballstáit nach gcomhlíonann go fóill na coinníollacha is gá chun an euro a ghlacadh. Sular glacadh Conradh Maastricht, chinn an Danmhairg gan an euro a chur i bhfeidhm agus níl sí rannpháirteach sa tríú céim den Aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta.

<sup>2</sup> Níl sé curtha in iúl ag an Danmhairg go bhfuil sé i gceist aici an euro a ghlacadh agus dá bhrí sin ní chumhdaítear í sa mheasúnú.

<sup>3</sup> Is é an 18 Bealtaine 2022 an spriocdháta le haghaidh na sonraí arna n-úsáid sa tuarascáil seo. Tá an measúnú ar chóineasú bunaithe ar raon táscairí cóineasaithe míosúla a ríomhtar suas go dtí mí Aibreáin 2022.

Téarnaimh agus Athléimneachta, atá ina dlúthchuid de NextGenerationEU, tá athléimneacht an Aontais á neartú tuilleadh. An tráth céanna, leis an téarnamh láidir in 2021, le scrogaill sa slabhra soláthair agus leis an mborradh ar phraghsanna fuinnimh, rannchuidíodh le méadú mór ar an mboilsciú le linn 2021 agus in 2022.

I ngeall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022, rinneadh athmheasúnú ar an ionchas do gheilleagar an Aontais, a rabhthas ag súil le méadú mór air in 2022 agus in 2023. Den chuid is mó, leis an ngéarchéim, baineadh suaitheadh nua ó thaobh an tsoláthair de de gheilleagar a raibh brú boilscitheach os a chomhair cheana féin. Laghdaíodh na deiseanna téarnaimh dá bharr agus treisíodh an brú aníos ar phraghsanna, agus cuireadh béim bhreise ar an ngá atá le níos mó infheistíochta príobháidí agus poiblí chun soláthairtí fuinnimh na hEorpa a éagsúlú agus chun feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh. Tá roinnt de na Ballstáit a bhfuil maolú acu agus a ndearnadh measúnú orthu sa tuarascáil seo i measc na mBallstát is mó atá neamhchosanta ar an ngéarchéim atá tagtha chun cinn de bharr ionradh na Rúise ar an Úcráin. Go leibhéal éagsúla, is léiriú í an neamhchosaint sin ar dhéine fuinnimh ard a ngeilleagar i gcomparáid le geilleagair eile, ar an ardspleáchas atá ag cuid acu ar sholáthairtí gáis agus ola de chuid na Rúise, ar naisc trádála leis an Rúis agus ar an soláthar cúnaimh túslíne do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Mhol an Coimisiún plean REPowerEU an 18 Bealtaine 2022, a mbeidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ina príomhuirlis aige. Is é is aidhm dó deireadh a chur de réir a chéile leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise ón Rúis i bhfad roimh 2030 trí sholáthairtí gáis an Aontais a éagsúlú agus trí dhlús a chur leis an aistriú glas.

An 23 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún pacáiste an earraigh 2022 den Seimeastar Eorpach i láthair. Ba cheart do na Ballstáit díriú go príomha ar chur chun feidhme tráthúil na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún don Chomhairle an méid seo a leanas a chur faoi bhráid na mBallstát uile a bhfuil plean téarnaimh agus athléimneachta formheasta acu: moladh maidir le beartas fioscach, lena n-áirítear athchóirithe struchtúracha fioscacha i gcás inarb ábhartha; moladh maidir le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus chlár an bheartais chomhtháthaithe; moladh maidir le beartas fuinnimh i gcomhréir le cuspóirí REPowerEU; i gcás inarb ábhartha, moladh breise maidir le dúshláin struchtúracha atá fós gan réiteach agus/nó dúshláin struchtúracha nua atá ag teacht chun cinn. Tá raon feidhme na moltaí níos leithne i gcás na mBallstát nach bhfuil pleananna téarnaimh agus athléimneachta formheasta acu.

Bhí tionchar mór ag ráig phaindéim COVID-19, ag na bearta arna nglacadh mar fhreagairt ar an ngéarchéim sin, ag an mborradh i bpraghsanna tráchtearraí, ag na scrogaill soláthair agus ag an téarnamh láidir in 2021 ar roinnt de na táscairí cóineasaithe eacnamaíocha a úsáidtear sa tuarascáil seo. Is fíor sin go háirithe i gcás an mheasúnaithe ar an gcritéar maidir le cobhsaíocht praghsanna. Tá méadú tagtha ar na difríochtaí i bhfeidhmíocht an bhoilscithe ar fud an Aontais, go príomha mar gheall ar thionchar ilchineálach an téarnaimh ar rátaí boilscithe na mBallstát agus ar na difríochtaí i mboilsciú praghas an fhuinnimh. Ina theannta sin, tá ról ag na bearta fioscacha éagsúla arna nglacadh ag na húdaráis náisiúnta chun maolú a dhéanamh ar thionchar na bpraghsanna fuinnimh níos airde. Cé nach bhfuil tionchar díreach ag roinnt de na bearta sin, amhail aistrithe sóisialta chuig na teaghlaigh is leochailí, ar phraghsanna do tomhaltóirí, tá tionchar níos díri ag cuid eile acu ar an measúnú ar chóineasú boilscithe. Ina theannta sin, bhí tionchar ar rátaí úis fadtéarmacha, ar dtús, ag na bearta beartais arna nglacadh chun na margáí airgeadais a chobhsú agus chun

coinníollacha fabhracha maoiniúcháin a chaomhnú agus, ina dhiaidh sin, ag ionchais bhoilscithe níos airde agus ag na conairí éagsúla géaraithe airgeadaíochta.

De dheasca chúlú eacnamaíoch agus fhreagairt fhioscach 2020 ar phaindéim COVID-19 bhí méadú gear ar easnaimh agus fiachas ginearálta rialtais. In 2020, bhí an t-easnamh os cionn luach tagartha 3 % de OTI an Chonartha i 25 Bhallstát agus ba é 6.8 % de OTI easnamh comhiomlán an Aontais. In 2021, leis an téarnamh eacnamaíoch láidir, rannchuidíodh le feabhsú in easnaimh agus fiachas rialtais, thairfead 15 Bhallstát go raibh easnaimh níos airde ná 3 % de OTI acu agus laghdaíodh easnamh comhiomlán an Aontais go 4.7 % de OTI. I mí an Mhárta 2020, le comhaontú Airí Airgeadais an Aontais, ghníomhachtaigh an Coimisiún Eorpach clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis. An 23 Bealtaine 2022, sa Teachtaireacht maidir le pacáiste an Earraigh 2022 den Seimeastar Eorpach, mheas an Coimisiún nach raibh tréimhse an mhórshleabhctha eacnamaíoch curtha de ag an Aontas go fóill agus go raibh na coinníollacha chun an clásal ginearálta éalaithe a choinneáil in 2023 agus chun é a dhíghníomhachtú amhail ó 2024 comhlíonta. D'iarr an Coimisiún ar an gComhairle tacú leis an gconclúid sin chun soiléireacht a sholáthar do na Ballstáit. In Earrach 2020, 2021 agus 2022, mheas an Coimisiún nár cheart cinneadh a dhéanamh maidir le Ballstáit a chur faoin nós imeachta um easnamh iomarcach, agus tionchar ollmhór maicreacnamaíoch agus fioscach phaindéim COVID-19 á chur san áireamh, rud a chruthaíonn, in éineacht leis an staid gheopholaitiúil in Earrach 2022, éiginnteacht as cuimse, lena n-áirítear i ndáil le conair mhionsonraithe a dhearadh don bheartas fioscach<sup>4</sup>. Tá impleachtaí neamhchasta ag na conclúidí sin maidir le measúnú a dhéanamh ar an gcritéar maidir leis an suíomh buiséadach rialtais a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo.

Tá tionchar teoranta ag ionradh na Rúise ar an Úcráin ar na sonraí stairiúla a úsáideadh sa Tuarascáil maidir le Cóineasú, 2022. Is toradh é sin ar scoithdháta na tuarascála (18 Bealtaine), rud a fhágann, in éineacht le modhanna ríofa na gcritéar maidir le cobhsaíocht praghsanna agus maidir leis an ráta úis fadtéarmach (i.e. meáin aon bhliana amháin) arna sainiú ag na Conarthaí, go bhfuil an staid roimh ionradh na Rúise á léiriú ag na sonraí comhfhreagracha den chuid is mó. Ina ionad sin, maidir leis a mhéid a bhfuil na táscairí cóineasaithe eacnamaíoch faoi thionchar na géarchéime atá tagtha chun cinn de bharr ionradh na Rúise agus forbairtí eacnamaíoch leanúnacha eile, léirítear é ina iomláine sna réamh-mheastacháin eacnamaíoch do 2022 agus do 2023, a d'fhoilsigh an Coimisiún an 16 Bealtaine 2022 (Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Earraigh 2022 ón gCoimisiún) agus a úsáidtear chun inbhuanaitheacht an chóineasaithe a mheas. Is í an réamhaisnéis seo an chéad mheasúnú cuimsitheach ón gCoimisiún ar na héifeachtaí eacnamaíoch is dócha a bheidh ann in 2022 agus in 2023 mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, agus dá réir sin, tá níos mó éiginnteachta ná mar is gnách ag baint léi.

### Critéir um chóineasú

Sa scrúdú ar **chomhoiriúnacht na reachtaíochta náisiúnta**, lena n-áirítear reachtanna bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil maolú acu, mar aon le hAirteagal 130 de CFAE agus an dualgas comhlíontachta faoi Airteagal 131 de CFAE, cuimsítear measúnú ar urramú an toirmisc ar mhaoiniú airgeadais (Airteagal 123 de CFAE) agus an toirmisc ar rochtain phribhléideach ar institiúidí

<sup>4</sup> An 3 Aibreán 2020, chinn an Chomhairle go raibh easnamh iomarcach ann i gcás na Rómáine, bunaithe ar an easnamh iomarcach a beartaíodh in 2019.

airgeadais (Airteagal 124 de CFAE); ar an gcomhsheasmhacht le cuspóirí (Airteagal 127(1) de CFAE) agus cúraimí (Airteagal 127(2) de CFAE) CEBC, agus gnéithe eile a bhaineann le bainc cheannais náisiúnta a chomhtháthú in CEBC.

Sainmhínítear an **critéar maidir le cobhsaíocht praghsanna** sa chéad fhleasc d'Airteagal 140(1) de CFAE: *'gnóthú ardleibhéal cobhsaíochta praghsanna; beidh sé sin follasach ó ráta boilscithe atá gar do ráta na dtrí Bhallstát, ar a mhéad, is feidhmiúla maidir le cobhsaíocht phraghsanna'*.

Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 1 den Phrótocal maidir leis na critéir um chóineasú *'go gciallóidh an critéar maidir le cobhsaíocht praghsanna [...] go mbeidh ag Ballstát feidhmiú praghsanna atá inbhuanaithe agus meánráta boilscithe, arna bhreathnú thar thréimhse bliana roimh an scrúdú, nach dtéann níos mó ná 1.5 pointe céatadán os cionn ráta boilscithe na dtrí Bhallstát, ar a mhéad, is feidhmiúla maidir le cobhsaíocht phraghsanna. Déanfar an boilsciú a thomhas trí bhíthin innéacs praghsanna do thomhaltóirí (IPT) ar bhonn inchomórtais, agus difríochtaí i sainmhínithe náisiúnta á gcur san áireamh'*<sup>5</sup>.

Tugann an ceanglas maidir le hinbhuanaitheacht le tuiscint nach mór a bheith in ann an fheidhmíocht shásúil bhoilscithe a chur i leith iompraíocht na gcostas ionchuir agus fachtóirí eile a mbíonn tionchar acu ar fhorbairtí praghsanna ar bhealach struchtúrach, seachas tionchar fachtóirí sealadacha. Dá bhrí sin, sa scrúdú ar chóineasú áirítear measúnú ar na fachtóirí a bhfuil tionchar acu ar an tuar boilscithe agus comhlánaítear é le tagairt don réamhaisnéis ar bhoilsciú is déanaí ón gCoimisiún<sup>6</sup>. Maidir leis sin, déantar measúnú sa tuarascáil freisin ar cibé an dócha go gcomhlíonfaidh an tír an luach tagartha sna míonna amach romhainn.

Ríomhadh gurbh é 4.9 % luach tagartha an bhoilscithe i mí Aibreáin 2022, agus gurbh iad an Fhrainc, an Fhionlainn agus an Ghréig na trí 'Bhallstáit is feidhmiúla'<sup>7</sup>.

Aithníodh Málta agus an Phortaingéil ina n-asluitigh, toisc go raibh difríocht mhór idir a rátaí boilscithe agus meán an limistéir euro agus gur fachtóirí tír-shonracha is cúis leis na difríochtaí sin, rud a chuireann teorainn lena bhfiúntas mar thagarmharcanna fóinteacha do Bhallstáit eile<sup>8</sup>. Tá an méid sin ag teacht leis an gcleachtas roimhe seo mar sainaithníodh asluitigh sa Tuarascálacha maidir le Cóineasú 2004, 2010, 2013, 2014 agus 2016. Sainaithnítear asluitigh ar bhonn dhá chritéar a thógtar le chéile: i) ráta boilscithe atá go mór faoi bhun mheán an limistéir euro agus ii) ráta boilscithe arb iad fachtóirí tír-shonracha is cúis leis, nach féidir iad a mheas mar fhachtóirí a léiríonn an próiseas is cúis leis an mboilsciú sa limistéir euro. I dTuarascálacha maidir le Cóineasú roimhe seo, measadh go ginearálta gurbh asluitigh iad na Ballstáit a raibh ráta boilscithe 1.5 pointe céatadán nó níos mó faoi bhun an limistéir euro acu. I mí Aibreáin 2022, bhí meánráta boilscithe 12 mhí Mhálta agus na Portaingéile 2.2 pointe céatadán agus 1.7 pointe céatadán faoi seach faoi bhun mheán 4.4 % an limistéir euro.

Ina theannta sin, fachtóirí tír-shonracha ba chúis le feidhmíocht bhoilscithe Mhálta agus na Portaingéile. I gcás Mhálta, ar na fachtóirí tír-shonracha a léirítear sa

<sup>5</sup> Chun críoch an chritéir maidir le cobhsaíocht praghsanna, déantar boilsciú a thomhas de réir na hInnéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (ICPT) a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2016/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

<sup>6</sup> Is ó Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Earraigh 2022 ón gCoimisiún a thagann na réamhaisnéisí uile ar bhoilsciú agus athróa eile sa tuarascáil reatha. Tá na réamhaisnéisí bunaithe ar shraith toimhdí coiteanna le haghaidh athróa seachtracha agus ar thóimhde 'gan aon athrú beartais', agus bearta a bhfuil eolas mionsonraithe go leor fúthu á gcur san áireamh.

<sup>7</sup> Ba iad 3.2 %, 3.3 % agus 3.6 % faoi seach na meánrátaí boilscithe dhá mhí dhéag.

<sup>8</sup> I mí Aibreáin 2022, bhí meánráta boilscithe dhá mhí dhéag Mhálta agus na Portaingéile 2.1 % agus 2.6 % faoi seach agus ráta 4.4 % a bhí sa limistéir euro.

mheánráta boilscithe réasúnta íseal, áirítear praghsanna fuinnimh atá cuibheasach cobhsaí i gcomhthéacs praghsanna idirnáisiúnta ola agus gáis a bhfuil borradh fúthu agus athruithe níos leithne ar na hualaí a úsáidtear chun ICPT a ríomh i gcomparáid le tíortha eile an Aontais in 2021. Rinneadh an easpa boilscithe i bpraghsanna fuinnimh i Málta a chumasú go háirithe le bearta rialtais, lena n-áirítear trí bhíthin tacaíocht airgeadais don earnáil fuinnimh. Bhí conradh praghaís sheasta maidir le soláthar gáis nádúrtha leachtaithe ina rannchuidiú freisin.

I gcás na Portaingéile, ar na fachtóirí tír-shonracha a léirítear sa mheánráta boilscithe réasúnta íseal, áirítear boilsciú fuinnimh atá cuibheasach íseal agus suíomh timhriallach níos laige ag an tír i gcomparáid leis an gcuid is mó de Bhallstáit eile an Aontais. Bhí tionchar ag meascán fachtóirí ar an mboilsciú fuinnimh, lena n-áirítear raon leathan bearta rialála a choinnigh an fás i bpraghsanna miondíola leictreachais agus gáis nádúrtha go mór faoi bhun mheán an Aontais. Ina theannta sin, bhí tionchar diúltach fada ag géarchéim COVID-19 ar ghníomhaíocht agus boilsciú na Portaingéile. Bualadh gníomhaíocht na tíre níos déine ná mar a bualadh í sa chuid is mó de Bhallstáit eile an Aontais ag luathchéimeanna na paindéime agus ó shin i leith tá a téarnamh mall i gcomparáid leo. Sa cheathrú ráithe de 2021, bhí OTI na Portaingéile fós go mór faoi bhun an bhuaicphointe a baineadh amach roimh an ngéarchéim agus ba í an bhearna sin an dara bearna is mó san Aontas. Is léiriú é sin, den chuid is mó, ar neamhchosaint mhór na Portaingéile ar an turasóireacht agus go háirithe ar thurasóireacht atá bunaithe ar eitlíocht, atá buailte go mór agus go fadtéarmach ag an bpaindéim. Bhí éifeacht mhaolaitheach fhadtéarmach ag téarnamh cuibheasach lag na Portaingéile ar an mboilsciú i seirbhísí, go háirithe in earnálacha a bhaineann leis an turasóireacht.

Sainmhínítear an **critéar um chóineasú a bhaineann le hairgeadas poiblí** sa dara fleasc d'Airteagal 140(1) de CFAE mar *'inbhuaine an riochta airgeadais rialtais; beidh sé sin follasach óir beidh riocht buiséadach rialtais gnóthaithe aige gan easnamh is iomarcach mar atá arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 126(6)'*.

Thairis sin, in Airteagal 2 den Phrótocal maidir leis na critéir um chóineasú luaitear go gciallaíonn an critéar seo *'nach mbeidh an Ballstát, tráth an scrúdaithe, faoi réir cinneadh ón gComhairle faoi Airteagal 126(6) den Chonradh sin go bhfuil easnamh iomarcach ann i gcás an Bhallstáit i dtrácht'*.

Tagraíonn CFAE don **chritéar maidir le ráta malairte** sa tríú fleasc d'Airteagal 140(1) mar *'urramú na ngnáthlamhálacha luaineachta dá bhforáiltear le meicníocht rátaí malairte an Chórais Eorpaigh Airgeadaíochta, ar feadh dhá bhliain ar a laghad, gan díluacháil in aghaidh an euro'*.

Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 3 den Phrótocal maidir leis na critéir um chóineasú: *'Ciallóidh an critéar um rannpháirtíocht i Meicníocht Rátaí Malairte an Chórais Eorpaigh Airgeadaíochta [...] go bhfuil Ballstát tar éis na ngnáthlamhálacha luaineachta dá bhforáiltear i Meicníocht Rátaí Malairte an Chórais Eorpaigh Airgeadaíochta a urramú gan ghéartheannais i rith an dá bhliain deiridh ar a laghad roimh an scrúdú. Go háirithe, ní bheidh an Ballstát tar éis ráta lárnach déthaobhach airgeadra a thír a dhíluacháil in aghaidh an euro ar a thogra féin ar feadh na tréimhse céanna'<sup>9</sup>.*

<sup>9</sup> Agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh an chritéir maidir le ráta malairte, scrúdaíonn an Coimisiún an bhfuil an ráta malairte fós gar don ráta lárnach ERM II, cé gur féidir cúiseanna le luachmhéadú a chur san áireamh i gcomhréir leis an Ráiteas Coiteann maidir le Tíortha Aontacha agus ERM2 ón gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag Comhairle ECOFIN, an Aithin, an 5 Aibreán 2003.

Sa tuarascáil seo, is í an 19 Bealtaine 2020 go dtí an 18 Bealtaine 2022 an tréimhse dhá bhliain ábhartha chun cobhsaíocht an ráta malairte a mheasúnú. Ina mheasúnú ar an gcritéar maidir le cobhsaíocht an ráta malairte, cuireann an Coimisiún san áireamh forbairtí i dtáscairí cúntacha amhail forbairtí sna cúlchistí eachtracha agus rátaí úis gearrthéarmacha. Cuirtear san áireamh leis freisin an ról atá ag bearta beartais, lena n-áirítear idirghabhálacha malairte eachtraí, agus cúnaimh airgeadais idirnáisiúnta nuair is ábhartha, chun cobhsaíocht an ráta malairte a choinneáil ar bun. Tá dhá cheann de na Ballstáit a bhfuil maolú acu agus a ndearnadh measúnú orthu sa tuarascáil seo rannpháirteach faoi láthair i sásra ráta malairte na hEorpa (ERM II) – an Bhulgáir agus an Chróit. Déantar cinneadh maidir le iontráil in ERM II, arna iarraidh sin do Bhallstát, trí chomhaontú frithpháirteach na rannpháirtithe uile in ERM II<sup>10</sup>. Ní bhaineann an tuarascáil seo le próiseas iontrála ERM II agus ní chuirtear ar fáil inti measúnú ar inniúlacht Bhallstáit a bheith rannpháirteach in ERM II.

Ceanglaítear leis an gceathrú fleasc d’Airteagal 140(1) de CFAE go mbeidh *‘marthanacht an chóineasaithe a bheidh gnóthaithe ag an mBallstát a bhfuil maolú aige agus a rannpháirtíochta sa mheicníocht rátaí malairte á brath i leibhéal fhadtéarmacha rátaí úis’*. Ina theannta sin, luaitear in Airteagal 4 den Phrótocal: *‘ciallóidh an critéar um chóineasú rátaí úis [...] go raibh ag Ballstát, arna bhreathnú thar thréimhse bliana roimh an scrúdú, meánráta ainmniúil fadtéarmach úis nach dtéann níos mó ná 2 pointe céatadáin os cionn ráta na dtí Bhallstát, ar a mhéad, is feidhmiúla maidir le cobhsaíocht phraghsanna. Déanfar rátaí úis a thomhas ar bhonn bannaí fadtéarmacha rialtais nó urrúis inhomórtais, agus difríochtaí i sainmhínithe náisiúnta á gcur san áireamh’*.

Ríomhadh gurbh é 2.6 % luach tagartha an ráta úis i mí Aibreáin 2022<sup>11</sup>.

Ceanglaítear le hAirteagal 140(1) de CFAE freisin go gcuirfeadh san áireamh sna tuarascálacha **fachtóirí eile** atá ábhartha do chomhtháthú eacnamaíoch agus do chóineasú. Áirítear orthu sin comhtháthú na margáí, forbairt chomhardú na n-íocaíochtaí ar cuntas reatha agus forbairt na gcostas aonad saothair agus innéacsanna praghsanna eile<sup>12</sup>. Cumhdaítear na fachtóirí sin sa mheasúnú ar chobhsaíocht praghsanna. Is táscairí tábhachtacha iad na fachtóirí breise a bheidh le meas maidir le cé acu a chomhtháthódh Ballstát isteach sa limistéar euro gan deacrachtaí nó le deacrachtaí agus tugtar dearcadh níos leithne leo ar inbhuanaitheacht an chóineasaithe.

An measúnú ar leibhéal cóineasaithe inbhuanaithe na mBallstát a bhfuil maolú acu a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo, tarraingíonn sé ar Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Earraigh 2022 ón gCoimisiún agus ar an treoraíocht bheartais a chuirtear ar fáil faoin Seimeastar Eorpach. Cuirtear san áireamh ann, go háirithe, an faireachas fioscach a rinneadh faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha. Léirítear ann freisin measúnuithe an Choimisiúin ar rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach agus ar na creataí fioscacha náisiúnta, chomh maith le cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

<sup>10</sup> Is iad rannpháirtithe ERM II aireachtaí airgeadais an limistéir euro, BCE, aireachtaí airgeadais ERM II nach bhfuil sa limistéar euro agus na bainc cheannais.

<sup>11</sup> Ríomhtar an luach tagartha le haghaidh mhí Aibreáin 2022 mar mheán simplí mheán 12 mhí rátaí úis fadtéarmacha na Fraince (0.3 %), na Fionlainne (0.2 %) agus na Gréige (1.4 %), móide dhá phointe céatadáin.

<sup>12</sup> Tá sé tábhachtach, áfach, a mheabhrú go bhféadfadh sé go raibh tionchar ag na scéimeanna coinneála saothair, a cuireadh ar bun i roinnt Ballstát tar éis ráig na paindéime, ar na sonraí maidir le costais aonad saothair.


## 2. AN BHULGÁIR

I bhfianaise a mheasúnaithe ar chomhoiriúnacht dhlíthiúil agus ar chomhlíonadh na gcritéar um chóineasú, agus na fachtóirí ábhartha breise á gcur san áireamh, measann an Coimisiún nach gcomhlíonann an Bhulgáir na coinníollacha chun an euro a ghlacadh.

Níl an reachtaíocht sa Bhulgáir – go háirithe an Dlí maidir le Banc Náisiúnta na Bulgáire — **ag luí go hiomlán** leis an dualgas comhlíontachta faoi Airteagal 131 de CFAE. Tá neamhlú agus laigí ann maidir le neamhspleáchas an bhainc cheannais, toirmeasc ar mhaoiniú airgeadaíochta agus comhtháthú an bhainc cheannais in CEBC tráth glactha an euro agus na cúraimí a leagtar síos in Airteagal 127(2) de CFAE agus in Airteagal 3 de Reach CEBC/BCE.

Ní chomhlíonann an Bhulgáir an critéar maidir le cobhsaíocht praghsanna. Ba é 5.9 % an meánráta boilscithe sa Bhulgáir le linn na 12 mhí go dtí mí Aibreáin 2022, ráta atá os cionn luach tagartha 4.9 %. Tá tuartha ag an gCoimisiún go bhfanfaidh sé os cionn an luacha tagartha sna míonna amach romhainn.

Graf 2a: an Bhulgáir - Critéar boilscithe ó bhí 2016 ann



Nóta: Na poncanna ar an taobh deas den ghráf, léiríonn siad an luach tagartha a thuarar agus meánrata boilscithe na tíre thar 12 mí i mí na Nollag 2022.

Na luachanna tagartha do 2016, 2018 agus 2020, tagraíonn siad do luachanna arna ríomh sna Tuarascálacha maidir le Cóineasú a bhí ann roimhe.

Foinsí: Eurostat, Reamhaisnéis Earraigh Sheirbhís an Choimisiúin 2022.

Ba é 1.2 % meánráta boilscithe ICPT bliantúil na Bulgáire in 2020, agus cuireadh dlús leis go 2.8 % in 2021. Tháinig laghdú ar an mboilsciú ICPT bliantúil ó 1.3 % i mí Aibreáin 2020 go -0.3 % i mí Eanáir 2021. Ansin, tháinig méadú ar an mboilsciú príomha i rith na bliana 2021, sular cuireadh dlús gear leis le linn na chéad mhíonna de 2022, agus shroich sé 12.1 % i mí Aibreáin 2022. Le díbhóilsciú i bpraghsanna bia neamhphróiseáilte agus le rátaí boilscithe ísle i bpraghsanna bia próiseáilte, tháinig laghdú ar an mboilsciú idir mí Aibreáin 2020 agus mí Eanáir 2021. Rannchuidiú láidir ó na catagóirí leathana go léir ba chúis leis an luathú ar bhoilsciú ina dhiaidh sin in 2021. Go háirithe, chuir praghsanna breosla 3.5 pointe céatadán leis an ráta boilscithe bliantúil i mí na Nollag 2021. Sa chéad chuid de 2022, leanadh leis an méadú ar an mboilsciú príomha mar gheall ar phraghsanna fuinnimh níos


airde agus méaduithe leathana eile ar phraghsanna. In 2020 agus in 2021, bhí rátaí boilscithe ICPT bliantúla na Bulgáire níos airde ar an meán ná rátaí an limistéir euro.

I Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Earraigh 2022 ón gCoimisiún, meastar go dtiocfaidh luathú suntasach ar an mboilsciú ó 2.8 % in 2021 go 11.9 % in 2022, agus go laghdóidh sé de réir a chéile go 5.0 % in 2023. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an mboilsciú príomha agus go leanfaidh sé de bheith ard mar gheall ar chostais fuinnimh agus táirgí idirmheánacha eile a bheith níos airde i gcónaí, méaduithe a bhfuil coinne leo ar phraghsanna rialaithe gáis agus téimh, chomh maith le praghsanna idirnáisiúnta bia níos airde agus méadú ar dhíbhoilsceoirí allmhairithe. Leis an leibhéal réasúnta íseal praghsanna sa Bhulgáir (thart ar 52 % den mheán sa limistéir euro in 2020) tugtar le tuiscint go bhfuil acmhainneacht shuntasach le haghaidh cóineasú maidir le leibhéal praghsanna san fhadtéarma.

**Comhlíonann an Bhulgáir an critéir maidir le hairgeadas poiblí.** Níl an Bhulgáir faoi réir Cinneadh ón gComhairle maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann. D’fhan comhardú ginearálta an rialtais cobhsaí den chuid is mó le heasnamh 4.0 % de OTI in 2020 agus easnamh 4.1 % de OTI in 2021. Tar éis tréimhse barrachas buiséid, is de dheasca an tsuaite a tháinig as an bpaindéim agus ar na bearta arna nglacadh ag rialtas na Bulgáire mar fhreagra air a d’eascair na heasnamh sin. I Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Earraigh 2022 ón gCoimisiún, meastar go dtiocfaidh feabhas ar chomhardú ginearálta an rialtais go dtí -3.7 % de OTI in 2022. Tá na costais fhioscacha a bhaineann le daoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin chomh maith le bearta a tugadh i bhfianaise praghsanna fuinnimh níos airde ag cur isteach ar chonair téarnaimh an easnaimh. Faoi thoimhde ‘gan aon athrú beartais’, meastar go sroichfidh an t-easnamh -2.4 % de OTI in 2023. An 23 Bealtaine 2022, ghlac an Coimisiún tuarascáil a ullmhaíodh i gcomhréir le hAirteagal 126(3) de CFAE maidir le 18 mBallstát, lena n-áirítear an Bhulgáir. Ar an iomlán, agus na fachtóirí ábhartha go léir á gcur san áireamh de réir mar is iomchuí, tugadh le fios in anailís na tuarascála nár chomhlíon an Bhulgáir an critéir fiachais. I gcomhréir leis an Teachtaireacht uaidh an 2 Márta 2022<sup>13</sup>, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua um easnamh iomarcach a oscailt. Thug sé dá aire go bhfuil tionchar ollmhór maicreacnamaíoch fioscach i gcónaí ag paindéim COVID- 19, rud a chruthaíonn, in éineacht le hionradh na Rúise ar an Úcráin, éiginnteacht as cuimse, lena n- áirítear i ndáil le conair mhionsonraithe a dhearadh don bheartas fioscach. Ar na forais sin, mheas an Coimisiún nár cheart cinneadh a dhéanamh maidir le Ballstáit a chur faoin nós imeachta um easnamh iomarcach in Earrach 2022. Tháinig méadú ar an gcóimheas fiachais phoiblí-OTI ó bheagán faoi bhun 25 % in 2020 go 25.1 % in 2021, agus meastar go bhfanfaidh sé mórán mar an gcéanna in 2022, sula méadóidh sé go mall i dtreo 26 % in 2023. D’ainneoin leibhéal íseal réamh-mheasta fiachais faoi 2032 (37 % de OTI), is cosúil go bhfuil na rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fiachais le haghaidh na Bulgáire íseal sa mheántéarma. Tá éiginnteacht mhór ann maidir leis an réamh-mheastachán. Tá creat fioscach láidir forbartha ag an mBulgáir le blianta beaga anuas, agus tá teist níos fearr maidir le comhlíontacht aici anois. Tá cuma casta ar chóras na rialacha, áfach, rud a mhéadaíonn an gá leis an bpróiseas a chuíchóiriú.

<sup>13</sup> Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach COM(2022) 85 final: [https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/economy-finance/com\\_2022\\_85\\_1\\_en\\_act\\_en.pdf](https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/economy-finance/com_2022_85_1_en_act_en.pdf).

Graf 2b: an Bhulgáir - iarmhéd buiséadach agus fiachas rialtais  
scála inbhéartaithe (i gcéatadán de OTI)



(\*) Réamhfhaisnéis Earraigh Sheirbhís an Choimisiúin 2022.

Foinse: Eurostat, Seirbhís an Choimisiúin.

**I gcomhréir le socrú a bhoird airgeadra, tá ráta malairte lev na Bulgáire i gcoinne an euro cobhsaí ón Tuarascáil maidir le Cóineasú roimhe seo.** Maireann an tréimhse dhá bhliain atá ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chobhsaíocht an ráta malairte ón 19 Bealtaine 2020 go dtí an 18 Bealtaine 2022. Chuaigh lev na Bulgáire isteach in ERM II an 10 Iúil 2020 agus cloíonn sé le ráta lárnach 1.95583 lev i gcoinne an euro le banda luaineachta caighdeánach  $\pm 15\%$ . Tugann Banc Náisiúnta na Bulgáire faoina phríomhchuspóir cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach trí bhíthin ancaire ráta malairte mar chuid de shocrú boird airgeadra. Thug an Bhulgáir a socrú boird airgeadra isteach in 1997, trí lev na Bulgáire a phionnail le marc na Gearmáine agus níos déanaí leis an euro. Chuaigh an Bhulgáir isteach in ERM II agus an socrú boird airgeadra a bhí aici cheana féin fós i bhfeidhm, mar ghealltanais aontaobhach, agus ar an gcaoi sin níor cuireadh aon oibleagáid breise ar BCE. D’fhan ráta malairte an lev cobhsaí le linn na tréimhse measúnaithe dhá bhliain gan aon chomhartha teannais ná díluachála i gcoinne an euro. Tugann táscairí breise, amhail forbairtí i gcúlchistí airgeadra eachtraigh agus i rátaí úis gearrthéarmacha, le fios go bhfuil braistint riosca na n-infheisteoirí i leith na Bulgáire fabhrach i gcónaí. Cuireann maolán suntasach cúlchistí oifigiúla taca faoi athléimneacht an tsocraithe boird airgeadra fós. Tar éis di dul isteach in ERM II, gheall an Bhulgáir sraith beart beartais a chur chun feidhme – na gealltanais iariontrála mar a thugtar orthu – chun a áirithiú go mbeidh a rannpháirtíocht sa sásra inbhuanaithe agus go mbainfidh an tír ardleibhéal cóineasaithe eacnamaíoch amach sula nglacfaidh sí an euro. Cumhdaítear ceithre réimse beartais leis na bearta: an earnáil airgeadais neamhbhainc, an creat dócmhainneachta, an creat frithsciúrtha airgid, agus rialachas na bhfiontar atá faoi úinéireacht stáit. Tá an Bhulgáir i mbun oibre faoi láthair leis na gealltanais iariontrála sin a thabhairt i gcrích, i gcomhar leis an gCoimisiún, a dhéanann faireachán ar an dul chun cinn atá á dhéanamh aici.

D’fhan an lev ag ráta lárnach ERM II le linn an 2 bhliain a chumhdaítear leis an measúnú seo. Ní dhearnadh díluacháil ar pharlúach lárnach an lev laistigh de ERM II. Faoin uair a d’fhéadfadh Cinneadh ón gComhairle a bheith ann i mí Iúil 2022, beidh an lev rannpháirteach in ERM II le 24 mhí. Comhlíonann an Bhulgáir an critéar maidir le ráta malairte.

**Comhlíonann an Bhulgáir an critéar um chóineasú rátaí úis fadtéarmacha.** Ba é 0.5 % an meánráta úis fadtéarmach sa bhliain go dtí mí Aibreáin 2022, ráta atá cuid mhaith faoi bhun an luacha tagartha 2.6 %. Bhí rátaí úis fadtéarmacha na Bulgáire an-iseal agus cobhsaí go leor ó thús 2020 go dtí deireadh 2021, agus iad laistigh de bhanda 0.1-0.4 % le linn na tréimhse sin. Ní raibh ach buaicphointe gairid amháin

ann i Meitheamh-Iúil 2020, nuair a mhéadaigh an ráta úis tagarmhairc go 0.7 %. Sa tréimhse chéanna, bhí an raon difríochta *vis-à-vis* banna tagarmhairc na Gearmáine thart ar 60 bonnphointe den chuid is mó cé go raibh buaicphointe gairid os cionn 100 bonnphointe aige i lár na bliana 2020. Ag tús 2022, áfach, thosaigh an ráta úis agus an raon difríochta ag méadú, agus bhí siad 1.6 % agus 89 bonnphointe faoi seach i mí Aibreáin 2022.

Rinne an Coimisiún scrúdú freisin ar **fhachtóirí breise**, lena n-áirítear forbairtí comhardaithe íocaíochtaí agus comhtháthú na margaí. D'fhan comhardú seachtrach na Bulgáire (teaghlaim an chuntais reatha agus an chuntais chaipitil) i mbarrachas, ag 1.5 % de OTI in 2020 agus ag 0.3 % in 2021. Tá geilleagar na Bulgáire comhtháite go maith leis an limistéar euro trí naisc trádála agus infheistíochta. Léiríonn táscairí roghnaithe a bhaineann le timpeallacht an ghnó go bhfeidhmíonn an Bhulgáir níos measa ná go leor Ballstát sa limistéar euro. Baineann dúshlán freisin leis an gcreat institiúideach lena n-áirítear an t-éilliú agus éifeachtúlacht rialtais. Mar sin féin, i gcomhthéacs rannpháirtíocht rathúil in ERM II agus i gcomhréir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, tá bearta á nglacadh ag an mBulgáir chun feabhas a chur ar thimpeallacht an ghnó agus chun cobhsaíocht na hearnála airgeadais a chothabháil sna ceithre réimse a chumhdaítear leis na gealltanais iariontrála ERM II a luaitear thuas. Tá earnáil airgeadais na Bulgáire níos lú agus níl sí chomh forbartha céanna leis an limistéar euro, agus sciar níos airde ná an meán d'iasachtaí neamhthuillmheacha aici nach bhfuil ach meath an-chéimneach ag teacht air le roinnt blianta anuas. Tá earnáil na baincíreachta chun tosaigh in earnáil airgeadais na Bulgáire agus tá earnáil na baincíreachta comhtháite go maith le hearnáil airgeadais an limistéir euro, go háirithe trí ardleibhéal úinéireachta eachtraí. Níl an maoiniú margadh-bhunaithe chomh forbartha leis an maoiniú sin sa limistéar euro, áfach, agus léirítear é sin sna margaí an-bheag le haghaidh cothromais agus fiachas san earnáil phríobháideach. I gcomhthéacs an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíochta, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ina Thuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh don bhliain 2022 nach raibh sé riachtanach mionanailís bhreise a dhéanamh le haghaidh na Bulgáire.

Le cur chun feidhme éifeachtach na n-athchóirithe agus na hinfeistíochta a leagtar amach i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire, tabharfar aghaidh ar na príomhdhúshlán maicreacnamaíochta. Áirítear orthu sin cuimsiú sóisialta, oideachas agus scileanna, cúram sláinte, dícharbónú, an t-aistriú digiteach, timpeallacht an ghnó, agus maoiniú frontar beag agus meánmhéide. Áirítear príomh-infeistíochtaí i dtáirgeadh fuinnimh in-athnuaite, in acmhainneachtaí stórála leictreachais agus idirnáisc, agus i ndigiteáil an riaracháin phoiblí agus i scileanna digiteacha. Ar na príomh-athchóirithe tá creat a thabhairt isteach le haghaidh céimniú amach guail, léirscaoileadh an mhargaidh leictreachais, athchóiriú oideachais cuimsitheach, agus an scéim ioncaim íosta, an creat frithsciúrtha airgid agus an creat dócmhainneachta a neartú. Tá bearta sa phlean freisin chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais riaracháin phoiblí agus an chórais cheartais chun éilliú a chosc, a bhrath agus a cheartú.


### 3. AN tSEICIA

**I bhfianaise a mheasúnaithe ar chomhoiriúnacht dhlíthiúil agus ar chomhlíonadh na gcreitear um chóineasú, agus na fachtóirí ábhartha breise á gcur san áireamh, measann an Coimisiún nach gcomhlíonann an tSeicia na coinníollacha chun an euro a ghlacadh.**

**Níl an reachtaíocht sa tSeicia** – go háirithe Acht Chomhairle Náisiúnta na Seice Uimh. 6/1993 Coll. maidir le banc náisiúnta na Seice (Dlí ČNB) – **ag luí go hiomlán** leis an dualgas comhlíontachta faoi Airteagal 131 de CFAE. Baineann neamhlúí le neamhspleáchas an bhainc cheannais agus comhtháthú an bhainc ceannais in CEBC tráth glactha an euro, le cuspóirí Česká národní banka (ČNB) agus le cúraimí CEBC atá leagtha síos in Airteagal 127(2) de CFAE agus in Airteagal 3 de Reacht CEBC/BCE. Ina theannta sin, tá laigí i nDlí ČNB a bhaineann le toirmeasc ar mhaoiniú airgeadaíochta agus le cúraimí CEBC.

**Ní chomhlíonann an tSeicia an critéar maidir le cobhsaíocht praghsanna.** Ba é 6.2 % an meánráta boilscithe sa tSeicia le linn na 12 mhí go dtí mí Aibreáin 2022, ráta atá os cionn luach tagartha 4.9 %. Tuairtar go bhfanfaidh sé i bhfad os cionn an luacha tagartha sna míonna amach romhainn.

Graf 3a: an tSeicia- Critéar boilscithe ó bhí 2016 ann  
(céatadan, meán gluasteach 12 mí)




Nóta: Na poncanna ar an taobh deas den ghráf, léiríonn siad an luach tagartha a thuarar agus meánráta boilscithe na tíre thar 12 mí i mí na Nollag 2022. Na luachanna tagartha do 2016, 2018 agus 2020, tagraíonn siad do luachanna arna ríomh sna Tuarascálacha maidir le Cóineasú a bhí ann roimhe. Foinse: Eurostat, Reamhaisnéis Earraigh Sheirbhísí an Choimisiúin 2022.

Laghdaigh ráta boilscithe ICPT bliantúil ó 3.8 % ag tús 2020 go 2.1 % i mí Feabhra 2021 mar gheall ar thitim i mboilsciú fuinnimh agus bia den chuid is mó. Ansin, tháinig méadú ar an mboilsciú príomha i rith na bliana 2021, sular cuireadh dlús géar leis le linn na chéad mhíonna de 2022 go dtí gur shroich sé 13.2 % i mí Aibreáin 2022. Méadú leathan a bhí ann in 2021 agus go luath in 2022, méadú a bhí ina léiriú ar an mborradh a tháinig ar phraghsanna fuinnimh agus luathú mór ar an gcroí-bhoilsciú (arb iad earraí agus seirbhísí tionsclaíocha neamhfhuinnimh ba chúis leis). Ba é 3.3 % an meánráta boilscithe ICPT bliantúil in 2020 agus 2021. In 2020 agus in 2021, bhí rátaí boilscithe ICPT bliantúla na Seicia níos airde ar an meán ná rátaí an limistéir euro.

I Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Earraigh 2022 ón gCoimisiún, meastar go dtiocfaidh luathú suntasach ar an mboilsciú go 11.7 % in 2022 agus go maoloidh sé ansin go 4.5 % in 2023. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an mboilsciú príomha agus go leanfaidh sé de bheith ard thar an dá bhliain mar gheall ar chostais fuinnimh agus táirgí idirmheánacha eile a bheith níos airde i gcónaí, méaduithe a bhfuiltear ag súil leo ar riarphraghsanna le haghaidh fuinnimh agus fóntas eile, agus croí-chomhpháirteanna boilscithe, go háirithe earraí agus ina dhiaidh sin seirbhísí. Leis an leibhéal réasúnta íseal praghsanna sa tSeicia (thart ar 73 % den mheán sa limistéir euro in 2020) tugtar le tuiscint go bhfuil acmhainneacht le haghaidh tuilleadh cóineasaithe maidir le leibhéal praghsanna san fhadtéarma.

**Comhlíonann an tSeicia an critéar maidir le hairgeadas poiblí.** Níl an tSeicia faoi réir Cinneadh ón gComhairle maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann. Chuaigh comhardú ginearálta an rialtais cobhsaí in olcas de bheagán ó easnamh 5.8 % in 2020 go heasnamh 5.9 % de OTI in 2021. I Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Earraigh 2022 ón gCoimisiún, meastar go dtiocfaidh feabhas ar chomhardú ginearálta an rialtais go dtí -4.3 % de OTI in 2022, in ainneoin dhrochthionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin. Dá dheasca sin, cuireadh bearta éigeandála agus comhtháthaithe chun feidhme chun tacú leo siúd atá ag teitheadh ón Úcráin chomh maith le bearta chun costais fuinnimh a laghdú. Faoi thiomhde ‘gan aon athrú beartais’, meastar go sroichfidh comhardú ginearálta an rialtais -3.9 % de OTI in 2023. An 23 Bealtaine 2022, ghlac an Coimisiún tuarascáil a ullmhaíodh i gcomhréir le hAirteagal 126(3) de CFAE maidir le 18 mBallstát, lena n-áirítear an tSeicia. Ar an iomlán, agus na fachtóirí ábhartha go léir á gcur san áireamh de réir mar is iomchuí, tugadh le fios in anailís na tuarascála nár chomhlíon an tSeicia an critéar fiachais. I gcomhréir leis an Teachtaireacht uaidh an 2 Márta 2022<sup>14</sup>, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua um easnamh iomarcach a oscailt. Thug sé dá aire go bhfuil tionchar ollmhór maicreacnamaíoch fíoscach i gcónaí ag paindéim COVID- 19, rud a chruthaíonn, in éineacht le hionradh na Rúise ar an Úcráin, éiginnteacht as cuimse, lena n- áirítear i ndáil le conair mhionsonraithe a dhearadh don bheartas fíoscach. Ar na forais sin, mheas an Coimisiún nár cheart cinneadh a dhéanamh maidir le Ballstáit a chur faoin nós imeachta um easnamh iomarcach in Earrach 2022. Tháinig méadú ar an gcóimheas fiachais phoiblí-OTI ó thart ar 38 % in 2020 go 41.9 % in 2021, agus táthar ag súil go méadóidh sé go 42.8 % in 2022 agus go 44.0 % in 2023. Is cosúil go bhfuil na rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fiachais le haghaidh na Seicia íseal sa mheántearma, go háirithe toisc go meastar go dtiocfaidh méadú ar ollfhiachais rialtais go dtí thart ar 61 % de OTI in 2032. Tá an réamh-mheastachán faoi réir íogaireacht shuntasach d’fhorbairtí macra-airgeadais díobhálacha. Tá creat fíoscach náisiúnta na Seicia forbartha go maith. Tar éis ráig phaindéim COVID-19, chuir an Pharlaimint dlús le leasuithe reachtacha lena gceadaítear easnamh níos mó thar 2021-2027 agus conair choigeartaithe níos faide (ceartú 0.5 pointe céatadán in aghaidh na bliana, i dtéarmaí struchtúracha).

**Graf 3b: an tSeicia - Iarmhéid buiséadach agus fiachais rialtais**  
Scála inbhéartaithe (i gcéatadan de OTI)



(\*) Réamhfhaisnéis Earraigh Sheirbhís an Choimisiúin 2022.

Foinse: Eurostat, Seirbhís an Choimisiúin.

<sup>14</sup> Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach COM(2022) 85 final: [https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/economy-finance/com\\_2022\\_85\\_1\\_en\\_act\\_en.pdf](https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/economy-finance/com_2022_85_1_en_act_en.pdf).

**Ní chomhlíonann an tSeicia an critéar maidir le ráta malairte.** Ní ghlacann koruna Phoblacht na Seice páirt in ERM II. Tá córas ráta malairte chomhlúthaigh *de jure* ag an tSeicia a chuireann ar chumas an bhainc cheannais idirghabhálacha margaidh malairte eachtraí a dhéanamh. I ndiaidh na mbeart glasála arna nglacadh ag céimeanna luatha phaindéim COVID-19, tháinig dímheas mór thart ar 6 % ar an koruna i mí Aibreáin 2020 (bliain ar bhliain). Ó mhí an Mheithimh 2020 luainigh sé ag leibhéal beagán níos airde ná sin go dtí mí na Nollag 2020 nuair a tháinig sé faoi réir céim luachmhéadaithe, céim a cuireadh deireadh tobann léi go luath in 2022. Géarú mór airgeadaíochta ag ČNB ba chúis leis an luachmhéadú den chuid is mó. Mar sin féin, i ndiaidh ionradh na Rúise ar an Úcráin, bhí brú mór dímheasa ar koruna Phoblacht na Seice, rud a spreag idirghabhálacha cobhsaíochta gearrthréimhseacha ón ČNB sa mhargadh malairte eachtraí go luath i mí an Mhárta 2022. I mí Aibreáin 2022, bhí koruna Phoblacht na Seice thart ar 12 % níos láidre i gcoinne an euro ná mar a bhí sé 2 bhliain roimhe sin. Tháinig méadú ar dhifreálacha rátaí úis gearrthéarmacha *vis-à-vis* an limistéar euro ó thart ar 90 bonnphointe i mí na Bealtaine 2021 go thart ar 580 bonnphointe faoi mhí Aibreáin 2022, tar éis an timhrialla géaraithe a chur ČNB tús leis i mí Lúnasa 2021.

**Comhlíonann an tSeicia an critéar um chóineasú rátaí úis fadtéarmacha.** Ba é 2.5 % an meánráta úis fadtéarmach sa bhliain go dtí mí Aibreáin 2022, ráta atá faoi bhun an luacha tagartha 2.6 %. Thit ráta úis fadtéarmach na Seicia sa chéad chúpla mí de 2020 síos go dtí thart ar 0.9 % i samhradh na bliana 2020. Ansin tháinig méadú air de réir a chéile go dtí thart ar 1.9 % in Earrach 2021 sular tháinig méadú mór air mar gheall ar ghéarú mór airgeadaíochta ČNB agus méadú tapa ar bhoilsciú. Shroich an ráta úis fadtéarmach 4.0 % i mí Aibreáin 2022, agus bhí an raon difríochta *vis-à-vis* banna tagarmhairc na Gearmáine gar do 330 bonnphointe.

Rinne an Coimisiún scrúdú freisin ar **fhachtóirí breise**, lena n-áirítear forbairtí comhardaithe íocaíochtaí agus comhtháthú na margaí. Bhí barrachas thar a bheith ard 3.6 % de OTI i gcomhardú seachtrach na Seicia in 2020 (teaghlaim an chuntais reatha agus an chuntais chaipitil) mar gheall ar thionchar ghéarchéim COVID-19 ar chomharduithe trádála agus ioncaim phríomha. Tá geilleagar na Seicia an-chomhtháite leis an limistéar euro trí naisc thrádála agus infheistíochta. Léiríonn táscairí roghnaithe a bhaineann le timpeallacht an ghnó go bhfeidhmíonn an tSeicia thart ar mheánleibhéal Bhallstáit an limistéir euro. Baineann dúshlán leis an gcreat institiúideach lena n-áirítear éifeachtúlacht rialtais agus an creat frith-éilithe, mar shampla i ndáil le coinbhleachtaí leasa a sheachaint. Tá earnáil airgeadais na Seicia níos lú agus níl sí chomh forbartha céanna leis an limistéar euro. Níl an maoiniú margadh-bhunaithe chomh forbartha leis an maoiniú sin sa limistéar euro, agus léirítear é sin sna margaí an-bheaga le haghaidh cothromais agus fiachas san earnáil phríobháideach. Tá earnáil airgeadais Phoblacht na Seice an-chomhtháite i gcóras airgeadais an limistéir euro, go háirithe trí ardleibhéal úinéireachta eachtraí ar idirghabhálaithe airgeadais.

Le cur chun feidhme éifeachtach na n-athchóirithe agus na hinfheistíochta a leagtar amach i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia, tabharfar aghaidh ar na príomhdhúshlán maicreacnamaíocha. Áirítear orthu sin athruithe teicneolaíochta, amhail na hathruithe sin a bhaineann leis an uathobriú agus an t-aistriú glas, le hinfheistíocht sa taighde agus san fhorbairt, le saoráidí nua cúraim leanaí, agus le gníomhaíochtaí uas-scilithe agus athoiliúna. Áirítear infheistíochtaí tábhachtacha ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh, ar scileanna digiteacha agus ar rochtain ar mhaoiniú do chuideachtaí. Tá na príomh-athchóirithe dírithe ar aghaidh a thabhairt ar

cháilíocht an riaracháin phoiblí (lena n-áirítear an digiteáil), ar acmhainn na saoráidí cúraim leanaí a mhéadú, ar fheabhas a chur ar rochtain ar earnáil an chúraim sláinte agus athléimneacht na hearnála sin, ar chláir oideachais a fheabhsú, ar sheirbhísí mhargadh an tsaothair a uasghrádú, ar thacaíocht do ghníomhaíochtaí taighde agus ar nuálaíocht a thabhairt isteach i ngnólachtaí. Tá feabhas á chur ar thimpeallacht an ghnó mar gheall ar roinnt bearta ríomhrialtais, athchóirithe frith-éillithe, lena n-áirítear neartú a dhéanamh ar an gcreat institiúideach agus riaracháin a bhaineann le coibhleacht leasa a sheachaint agus athchóiriú cuimsitheach ar an nós imeachta maidir le ceadanna tógála a dheonú, atá ina mbacainní móra ar infheistíocht sa tSeicia faoi láthair.

#### 4. AN CHRÓIT

**I bhfianaise a mheasúnaithe ar chomhoiriúnacht dhlíthiúil agus ar chomhlíonadh na gcritéar um chóineasú, agus na factóirí ábhartha breise á gcur san áireamh, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an Chróit na coinníollacha chun an euro a ghlacadh.**

**Tá an reachtaíocht sa Chróit ag luí go hiomlán leis an dualgas comhlíontachta faoi Airteagal 131 de CFAE.**

**Comhlíonann an Chróit an critéar maidir le cobhsaíocht praghsanna.** Ba é 4.7 % an meánráta boilscithe sa Chróit le linn na 12 mhí go dtí mí Aibreáin 2022, ráta atá faoi bhun luach tagartha 4.9 %. Tuairtar go bhfanfaidh sé faoi bhun an luacha tagartha sna míonna amach romhainn.

In 2021, ba é 2.7 % an meánráta boilscithe ICPT bliantúil, agus tháinig méadú suntasach air i gcomparáid le 2020, nuair is ag 0 % a bhí sé ar an meán. Bhí boilsciú diúltach de bheagán sa Chróit idir mí Aibreáin 2020 agus mí Eanáir 2021 mar gheall ar bhoilsciú fuinnimh agus ar bhoilsciú earraí tionsclaíocha neamhfhuinnimh, den chuid is mó, a bhí an-íseal agus diúltach. Tháinig luathú géar air ansin le linn 2021 agus sna chéad mhíonna de 2022 go dtí gur shroich sé 9.6 % i mí Aibreáin. Is ar bhonn leathan a bhí an méadú in 2021 agus go luath in 2022, méadú a bhí ina léiriú ar an mborradh a tháinig ar phraghsanna fuinnimh agus luathú mór ar an gcroí-bhoilsciú freisin. In 2020 agus in 2021, ar an meán, bhí rátaí boilscithe ICPT bliantúla na Cróite an-ghar do rátaí an limistéir euro.

I Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Earraigh 2022 ón gCoimisiún, meastar go dtiocfaidh luathú ar an mboilsciú ICPT bliantúil go 6.1 % in 2022 sula ndéanfar moilliú air go 2.8 % in 2023 mar gheall ar laghdú a mheastar a bheidh ar phraghsanna tráchtarraí idirnáisiúnta, den chuid is mó. Meastar, dá bhrí sin, go bhfanfaidh an boilsciú príomha gar do bhoilsciú príomha an limistéir euro in 2022 agus in 2023. Tá coinne le go mbeidh an ráta croí-bhoilscithe níos airde ná mar a bheidh sé sa limistéir euro in 2022 (i.e. 4.3 % vs. 3.5 %), rud a léiríonn téarnamh níos láidre sa Chróit ó ghéarchéim COVID-19, ach meastar gur rud sealadach a bheidh ann toisc go meastar go mbeidh an bhearna níos lú in 2023 (i.e. 3.3 % vs 3.1 %). Meastar go bhfanfaidh na costais aonad saothair fann in 2022 agus in 2023.


Tugann ceanglas na hinbhuanaitheachta le tuiscint gur toradh ar bhuntosca foluiteacha seachas factóirí sealadacha é urramú an luacha tagartha. Leis an anailís ar bhuntosca foluiteacha agus ós rud é go leanfar den luach tagartha a urramú sna míonna atá romhainn, tacaítear le measúnú dearfach ar chomhlíonadh an chritéir maidir le cobhsaíochta praghsanna. Cé go meastar go mbeidh éifeacht

mhaolaitheach, mura mbeidh sé dhíbhoilscitheach, ag infheistíochtaí agus athchóirithe a bhaineann leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta san fhadtéarma, ba cheart d’infheistíochtaí tacú leis an éileamh comhiomlán sa ghearrthéarma freisin (féach an chéad mhír eile). De réir Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Earraigh 2022 ón gCoimisiún, meastar go dtiocfaidh éascú mór ar an mboilsciú thar an tréimhse réamhaisnéise, rud a thugann le fios gur cheart aon éifeacht bhoilscithe ghearrthéarmach a d’fhéadfadh a bheith ag infheistíochtaí a bhaineann leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a bheith teoranta.

Go fadtéarmach, beidh ionchais bhoilscithe ag brath go háirithe ar an bpá a bheith ag méadú i gcomhréir leis an táirgiúlacht. Tá timthriallta boilscithe na Cróite an-sioncronaithe cheana féin le timthriall boilscithe an limistéir euro agus táthar ag súil go leanfaidh forbairtí pá de bheith mar bhonn taca don sioncrónú sin. Mar sin féin, cé gur tháinig méadú suntasach ar leibhéal na solúbthachta i margadh an tsaothair de bharr athchóirithe 2013 agus 2014 ar an margadh saothair, tá ailíniú neamhfoirfe fós ann idir socrú pá agus forbairtí táirgiúlachta. Baineann sé sin go páirteach le ról na hearnála poiblí mar cheannaire pá. Níltear ag súil go dtiocfaidh méadú ar na rioscaí gaolmhara i dtéarmaí forbairtí pá le haontachas leis an euro. Ina theannta sin, le hathchóirithe a bhaineann leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta (e.g. laghdú ar an ualach riaracháin agus ar tháillí paraifhioscacha, dírialáil seirbhísí etc.), ba cheart go gcuirfí feabhas ar an iomaíocht sa mhargadh agus go laghdófaí costais do chuideachtaí, rud a d’fhágfadh go mbeadh brú anuas ar phraghsanna táirgí deiridh san fhadtéarma. Go háirithe, d’fhéadfadh dhá athchóiriú cuidiú le pá a ailíniú le táirgiúlacht ar bhealach níos fearr sa mheántéarma. Is é an chéad cheann an tsamhail nua pá agus oibre sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí, lena cheart córas pá níos cothroime, níos trédhearcaí agus níos inbhuanaithe a thabhairt isteach sa riarachán stáit agus sna seirbhísí poiblí. Is é an dara ceann an Leasú ar an nGníomh Saothair, lena dtéitear i ngleic le fostaíocht shealadach nach bhfuil údar léi agus lena spreagtar oibrithe chun bheith gníomhach, i measc nithe eile. Ina theannta sin, cé go bhféadfadh an leibhéal praghsanna a chóineasú tuilleadh san fhadtéarma, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil leibhéal níos airde cóineasaithe praghsanna leis an limistéar euro, ag 67 % den mheán sa limistéar euro in 2020, bainte amach cheana féin ag an gCróit ná mar a bhí ag Ballstáit eile nuair a tháinig siad isteach sa limistéar euro.

Graf 4a: an Chróit - Critéar boilscithe ó bhí 2016 ann

(céatadán, meán gluaiستهach 12 mí)




Nóta: Na poncanna ar an taobh deas den ghraf, léiríonn siad an luach tagartha a thuarar agus meánrata boilscithe na tíre thar 12 mí i mí na Nollag 2022.

Na luachanna tagartha do 2016, 2018 agus 2020, tagraíonn siad do luachanna ama ríomh sna Tuarascálacha maidir le Cóineasú a bhí ann roimhe.

Foinse: Eurostat, Réamhaisnéis Earraigh Sheirbhísí an Choimisiúin 2022.

**Comhlíonann an Chróit an critéar maidir le hairgeadas poiblí.** Níl an Chróit faoi réir Cinneadh ón gComhairle maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann. Tar éis 3 bliana de bhuiséid agus de bharrachais a bhí comhardaithe a bheag nó a mhór, bhí easnamh 7.3 % de OTI i gcomhardú ginearálta an rialtais in 2020 mar gheall ar ghéarchéim COVID-19. Tháinig laghdú ar easnamh ginearálta an rialtais go 2.9 % de OTI in 2021, a bhí, den chuid is mó, leis an téarnamh láidir eacnamaíoch agus leis an deireadh atá á chur de réir a chéile le bearta tacaíochta COVID-19. I Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Earraigh 2022 ón gCoimisiún, meastar go dtiocfaidh tuilleadh feabhais ar chomhardú ginearálta an rialtais go -2.3 % de OTI in 2022, d’ainneoin na mbeart arna nglacadh ag an rialtas chun laghdú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh agus costas an chúnaimh a thugtar dóibh siúd atá ar a dteitheadh ón Úcráin. In 2023, ba cheart go sroicfeadh an comhardú rialtais -1.8 % de OTI ar bhonn gan aon athrú beartais. Tháinig laghdú ar an gcóimheas fiachais phoiblí-OTI ó thart ar 87 % in 2020 go 79.8 % in 2021, agus meastar go laghdóidh sé go 75.3 % in 2022 agus go 73.1 % in 2023. Is cosúil go bhfuil na rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fiachais le haghaidh na Cróite íseal sa mheántearma toisc go meastar go bhfanfaidh ollfhiachais rialtais faoi bhun leibhéal 2021 go dtí 2032. Mar sin féin, tá an réamh-mheastachán faoi réir íogaireacht shuntasach d’fhorbairtí macra-airgeadais díobhálacha. Neartaíodh creat fioscach na Cróite go mór le déanaí, a bhí, den chuid is mó, le trasuí roinnt de cheanglais na Treorach maidir le Creatáí Buiséadacha ón gComhairle (2011/85/AE) nár trasuíodh cheana.

Graf 4b: an Chróit - Iarmhéidbuiséadach agus fiachas rialtais



(\*) Réamhaisnéis Earraigh Sheirbhís an Choimisiúin 2022.

Foinse: Eurostat, Seirbhís an Choimisiúin.

**Den chuid is mó, tá ráta malartaithe kuna na Cróite i gcoinne an euro cobhsaí ón Tuarascáil maidir le Cóineasú roimhe seo.** Maireann an tréimhse dhá bhliain atá ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chobhsaíocht an ráta malairte ón 19 Bealtaine 2020 go dtí an 18 Bealtaine 2022. Chuaigh kuna na Cróite isteach in ERM II an 10 Iúil 2020 agus cloíonn sé le ráta lárnach 7.53450 lev i gcoinne an euro le banda luaineachta caighdeánach  $\pm 15\%$ . Tar éis do dhímheas suas le 2% i gcoinne an euro teacht air sa chéad 2 mhí den phaindéim i mí an Mhárta agus mí Aibreáin 2020, bhí an ráta malairte kuna-euro cobhsaí sa 2 mhí sula ndeachaigh an Chróit isteach in ERM II agus ní raibh ach miondiall ann ón ráta lárnach iariontrála ERM II. Tá an kuna ag luainiú laistigh de bhanda cúng níos lú ná  $\pm 1\%$  i gcoinne a ráta bainc ceannais leis an euro ó chuaigh sí isteach in ERM II, agus bhí ráta malairte comhlúthach bainistithe *de jure* á oibriú ag banc ceannais na Cróite roimh iontráil in ERM II. Le 2 bhliain anuas, tá ráta malairte an kuna i gcoinne an euro ag leanúint de phatrún séasúrach a thaispeáint, patrún lena mbíonn luachmhéadú

beag sealadach sa samhradh a bhí le hinsreabhadh airgeadra eachtraigh a bhaineann le hearnáil na turasóireachta. An 18 Bealtaine 2022, bhí an kuna ag 7.535 HRK/EUR, ráta atá gar dá ráta lárnach ERM II leis an euro agus atá cobhsaí a bheag nó a mhór i gcomparáid leis an leibhéal a bhí aige 2 bliana roimhe sin. Tugann táscairí breise, amhail forbairtí i gcúlchistí airgeadra eachtraigh agus i rátaí úis gearrthéarmacha, le fios go bhfuil braistint riosca na n-infheisteoirí i leith na Cróite fabhrach i gcónaí. Bhí EUR 25 billiún i gcúlchistí idirnáisiúnta i seilbh Bhanc Náisiúnta na Cróite ag deireadh 2021, leibhéal atá ina ardú ó bheagnach EUR 19 billiún ag deireadh 2020. Bhí raon difríochta ráta tagarmhairc gearrthéarmach na Cróite, i.e. an ráta tagartha náisiúnta 3 mhí, leis an EURIBOR cobhsaí den chuid is mó agus, ar an meán, bhí sé thart ar 60 bonnphointe le linn tréimhse 2020-2021. Ar a hiontráil in ERM II, gheall an Chróit sraith beart beartais a chur chun feidhme – na gealltanais iariontrála mar a thugtar orthu – chun a áirithiú go mbeidh a rannpháirtíocht sa sásra inbhuanaithe agus go mbainfidh an tír ardleibhéal cóineasaithe eacnamaíoch amach sula nglacfaidh sí an euro. Cumhdaítear ceithre réimse beartais leis na bearta: frithsciúradh airgid, timpeallacht an ghnó, fiontair atá faoi úinéireacht stáit agus an creat dócmhainneachta.

D’fhan an kuna an-ghar do ráta lárnach ERM II le linn an 2 bhliain a chumhdaítear leis an measúnú seo. Ní dhearnadh díluacháil ar pharluach lárnach an kuna laistigh de ERM II. Faoin uair a d’fhéadfadh Cinneadh ón gComhairle a bheith ann i mí Iúil 2022, beidh an kuna rannpháirteach in ERM II le 24 mhí. Comhlíonann an Chróit an critéar maidir le ráta malairte.

**Comhlíonann an Chróit an critéar um chóineasú rátaí úis fadtéarmacha.** Ba é 0.8 % meánráta úis fadtéarmach na Cróite i mí Aibreáin 2022, ráta atá cuid mhaith faoi bhun an luacha tagartha 2.6 %. Tar éis d’ardú os cionn 60 bonnphointe teacht air sa chéad 2 mhí den phaindéim go 1.2 % i mí Aibreáin 2020, tháinig laghdú an-chéimneach ansin ar an ráta úis fadtéarmach go dtí gur thit sé go leibhéal chomh híseal le 0.3 % faoi dheireadh 2021. Tháinig méadú beag ar an ráta úis fadtéarmach i mí na Nollag 2021 agus d’ardaigh sé sa chéad chúpla mí de 2022 de dheasca rioscaí geopholaitiúla a bhí ag dul i méid ar an leibhéal domhanda agus meath ar an ionchas boilscithe i bhfianaise leibhéal ard boilscithe a bhí ann cheana i bhformhór na ngeilleagar is forbartha. Bhí an raon difríochta i gcoinne bhanna tagarmhairc fhadtéarmaigh na Gearmáine beagán os cionn 100 bonnphointe in 2020 ach tháinig laghdú air de réir a chéile in 2021 go dtí thart ar 50 bonnphointe faoi dheireadh 2021. Tháinig méadú air arís go dtí os cionn 100 bonnphointe ag tús 2021 agus go dtí 168 bonnphointe i mí Aibreáin 2022 tar éis dó buaicphointe 180 bhonnphointe a bhaint amach sa mhí roimhe sin.

Rinne an Coimisiún scrúdú freisin ar **fhachtóirí breise**, lena n-áirítear forbairtí comhardaithe íocaíochtaí agus comhtháthú na margáí. Tháinig laghdú ar chomhardú seachtrach na Cróite (teaghlaim an chuntais reatha agus an chuntais chaipitil) go 2.1 % de OTI in 2020 ó 4.6 % de OTI in 2019 de dheasca drochiarmhairtí eacnamaíocha phaindéim COVID-19. Tháinig méadú mór air go 5.5 % de OTI in 2021 de thairbhe farasbarr sa chuntas reatha mar thoradh ar théarnamh láidir sna honnmhairí a bhaineann le seirbhísí turasóireachta. Tá geilleagar na Cróite comhtháite go maith leis an limistéar euro trí naisc trádála agus infheistíochta. Léiríonn táscairí roghnaithe a bhaineann le timpeallacht an ghnó go bhfeidhmíonn an Chróit níos measa ná go leor Ballstát sa limistéar euro. Baineann dúshláin *inter alia* leis an gcreat institiúideach lena n-áirítear cáilíocht rialála agus éilliú. Mar sin féin, rinneadh iarracht eile mar chuid de ghealltanais iariontrála ERM II chun feabhas a chur ar

timpeallacht an ghnó, go háirithe chun an t-ualach riaracháin agus srianta rialála a laghdú (féach freisin an mhír faoi na bearta a bhaineann leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta). Tá earnáil baincéireachta na Cróite an-chomhtháite le córas airgeadais an limistéir euro, go háirithe trí sciar ard úinéireachta eachtraí ar idirghabhálaithe airgeadais. I mí Iúil 2020, ghlac BCE cinneadh chun dlúthchomhar a bhunú le Banc Náisiúnta na Cróite i réimse na maoirseachta baincéireachta. Tá BCE freagrach anois as maoirseacht a dhéanamh ar mhórinstitiúidí baincéireachta na Cróite agus is ball *de facto* den Aontas Baincéireachta í an Chróit anois. Tá earnáil airgeadais na Cróite níos lú ná earnáil airgeadais an limistéir euro i dtéarmaí OTI. Tá sí faoi cheannas earnáil na baincéireachta atá an-chomhtháite in earnáil baincéireachta an limistéir euro, go háirithe trí úinéireacht eachtrach. An tráth céanna, tá earnáil an árachais agus na geistí pinsean sách mór sa Chróit freisin. Níl an maoiniú margadh-bhunaithe chomh forbartha leis an maoiniú sin sa limistéir euro, áfach, agus léirítear é sin sna margáí an-bheaga le haghaidh cothromais agus fiachas san earnáil phríobháideach. I gcomhthéacs an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíochta, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ina Thuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh don bhliain 2022 go raibh údar maith le Grinn-Athbhreithniú i leith na Cróite. Sa scórchlár nuashonraithe, lena n-áirítear figiúirí go dtí 2020, bhí an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta, an fás sna costais aonad saothair, an fás i bpragsanna tithé agus táscairí ollfhiachais ginearálta an rialtais os cionn a dtairseacha táscacha. Mar sin féin, le torthaí an Ghrinn-Athbhreithnithe ón gCoimisiún in 2022 léirítear gur atosáíodh leis na míchothromaíochtaí maicreacnamaíochta a mhaolú in 2021, tar éis meathlú réasúnta beag in 2020. Bunaithe ar an ngrinn-athbhreithniú sin, mheas an Coimisiún nach bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíochta ag an gCróit a thuilleadh.

Le cur chun feidhme éifeachtach na n-athchóirithe agus na hinfheistíochta a leagtar amach i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite, tabharfar aghaidh ar na príomhdhúshláin maicreacnamaíochta agus institiúideacha. Áirítear orthu sin rátaí ísle fostaíochta agus gníomhaíochta, bearnaí scileanna, timpeallacht an ghnó atá casta agus a bhfuil ualach trom ag baint léi, agus cáilíocht íseal an oideachais. Áirítear infheistíochtaí tábhachtacha in éifeachtúlacht fuinnimh agus in atógáil foirgneamh tar éis an chreatha talún, in iompar inbhuanaithe, in aistriú digiteach an riaracháin phoiblí agus i mbonneagar 5G. Beartaítear athchóirithe i réimsí amhail oideachas agus cúram na luath-óige, an córas cúraim sláinte, frithsciúradh airgid agus frith-éilliú, an bhreithiúnacht, an creat fioscach agus timpeallacht an ghnó, go háirithe trí bhacainní riaracháin a laghdú.

## 5. AN UNGÁIR

**I bhfianaise a mheasúnaithe ar an gcomhoiriúnacht dhlíthiúil agus ar chomhlíonadh na gcritéar um chóineasú, agus ag cur san áireamh na dtosca breise ábhartha, measann an Coimisiún nach gcomhlíonann an Ungáir na coinníollacha chun an euro a ghlacadh.**


**Níl reachtaíocht san Ungáir** – go háirithe an Dlí maidir le ‘Magyar Nemzeti Bank (MNB)’ – **go hiomlán comhoiriúnach** le dualgas na comhlíontachta faoi Airteagal 131 CFAE. Baineann neamh-chomhoiriúnachtaí suntasacha le neamhspleáchas MNB, leis an toirmeasc ar mhaoiniú airgeadais agus le comhtháthú an bhainc ceannais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) tráth an euro a ghlacadh maidir le cúraimí CEBC a leagtar síos in Airteagal 127(2) CFAE agus in

Airteagal 3 CEBC/Reacht BCE. Ina theannta sin, tá a thuilleadh lochtanna sa Dlí maidir le MNB a bhaineann le comhtháthú MNB in CEBC.

**Ní chomhlíonann an Ungáir an critéar um chobhsaíocht praghsanna.** Ba é 6.8 % an meánráta boilscithe san Ungáir le linn na 12 mhí roimh mhí Aibreáin 2022, ráta atá i bhfad níos airde ná luach tagartha 4.9 %. Táthar ag tuar go bhfanfaidh sé ag leibhéal i bhfad níos airde ná an luach tagartha sna míonna atá le teacht.

Graf 5a: an Ungáir - Critéar boilscithe ó bhí 2016 ann

(céatadán, meán gluaisreach 12 mí)



Nóta: Na poncanna ar an taobh deas den ghráf, léiríonn siad an luach tagartha a thuarar agus meánrata boilscithe na tíre thar 12 mí i mí na Nollag 2022.

Na luachanna tagartha do 2016, 2018 agus 2020, tagraíonn siad do luachanna arna ríomh sna Tuarascálacha maidir le Cóineasú a bhí ann roimhe.


Foins: Eurostat, Reamhaisnéis Earraigh Sheirbhís an Choimisiúin 2022.

Bhí ráta boilscithe Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna uile-Aontais (ICPT) san Ungáir ag dul in airde in 2020 agus in 2021, agus é ag meánrátaí 3.4 % agus 5.2 % faoi seach. D'ardaigh boilsciú bliantúil ICPT ó 2.5 % i mí Aibreáin 2020 go %5.2 % i mí Aibreáin 2021. Ansin cuireadh dlús leis le linn na chéad mhíonna in 2022, nó gur bhain sé amach leibhéal 8.6 % i mí an Mhárta 2022. Ba iad forbairtí i bpraghsanna fuinnimh agus earraí ba mhó ba chúis leis an dlús a cuireadh leis an mboilsciú in 2021. Mar sin féin, tháinig méadú mór ar an gceibhoilsciú (arna thomhas mar bhoilsciú ICPT gan fuinneamh agus bia neamhphróiseálaithe san áireamh), tar éis dó moilliú ábhairín idir mí Lúnasa 2020 agus mí an Mhárta 2021. 9.6 % ab ea an ráta boilscithe i mí Aibreáin 2022. In 2020 agus 2021 bhí rátaí bliantúla boilscithe ICPT san Ungáir níos airde ar an meán ná mar a bhí siad sa limistéar euro.

Tuairtear go méadóidh an ráta boilscithe go 9.0 % in 2022 agus go laghdóidh sé go 4.1 % in 2023 de réir Réamhaisnéis an Earraigh, 2022 ón gCoimisiún. Meastar gurb iad praghsanna fuinnimh agus earraí is mó a chuirfidh dlús leis an mboilsciú, ach go mbeidh baint ag méaduithe pá sách mór leis freisin. Tugann an leibhéal praghsanna sách íseal san Ungáir (thart ar 63 % an mheáin sa limistéar euro in 2020) le tuiscint go bhféadfadh na leibhéil praghsanna teacht chun cóineasa tuilleadh san fadtéarma.

**Comhlíonann an Ungáir na critéir um airgeadais phoiblí.** Níl an Ungáir faoi réir Cinneadh ón gComhairle maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann. Bhain an t-easnamh rialtais gearálta leibhéal 7.8 % de OTI amach in 2020, sular thit sé go 6.8 % de OTI in 2021. De réir Réamhaisnéis an Earraigh, 2022 ón gCoimisiún meastar go laghdóidh an t-easnamh rialtais gearálta go 6.0 % OTI in 2022, mar

thoradh ar fhás aschuir níos fearr ná mar a bhí coinne leis, d'ainneoin na mbeart a rinne an rialtas chun laghdú a chur ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe sna praghsanna fuinnimh agus costas an chúnaimh dóibh siúd atá ag teitheadh na hÚcráine. Tuairtar go laghdóidh sé tuilleadh go 4.9 % de OTI in 2023, ag glacadh le toimhde ‘gan athrú beartais’. An 23 Bealtaine 2022, ghlac an Coimisiún tuarascáil a ullmhaíodh i gcomhréir le hAirteagal 126(3) CFAE le haghaidh 18 mBallstát, lena n-áirítear an Ungáir. Ar an iomlán, agus na tosca ábhartha á gcur san áireamh mar is iomchuí, tugann an anailís sa tuarascáil le tuiscint nár chomhlíon an Ungáir na critéir um easnamh agus fiachas. I gcomhréir lena Theachtaireacht an 2 Márta 2022<sup>15</sup>, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua um easnamh iomarcach a thionscnamh. Mheas an Coimisiún, ina mheasúnú ar na tosca ábhartha uile, go dtabharfaí le tuiscint le comhlíonadh an tagarmhairc laghdaithe fiachais go mbeadh iarracht fhioscach ró-éilitheach tús- ualaithe ann a chuirfeadh an fás i mbaol. Dá bhrí sin, is é tuairim an Choimisiúin nach gá an tagarmharc maidir le laghdú an fhiachais a chomhlíonadh faoi na dálaí eacnamaíocha eisceachtúla atá ann faoi láthair. Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil tionchar ollmhór maicreacnamaíoch fioscach i gcónaí ag paidéim COVID-19, rud a chruthaíonn, in éineacht le hionradh na Rúise ar an Úcráin, éiginnteacht as cuimse, lena n- áirítear i ndáil le conair mhionsonraithe a dheardh don bheartas fioscach. Ar na forais sin, mheas an Coimisiún nár cheart cinneadh a dhéanamh maidir le Ballstáit a chur faoin Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach (EDP) in earrach 2022. Laghdaigh cóimheas fiachas-OTI ó thart ar 80 % in 2020 go 76.8 % in 2021 agus tuairtar go méadóidh sé go 76.4 % in 2022 agus go laghdóidh sé go 76.1 % in 2023. Dealraíonn rioscaí inbhuanaitheachta fiachais na hUngáire a bheith ar leibhéal meánach sa mheántearma. Tá an tuar faoi réir éiginnteacht rí-mhór agus faoi réir drochfhorbairtí maicreacnamaíocha. Cuireadh feabhas ar chreat fioscach na hUngáire trí athchóirithe a thosaigh in 2011, ach is féidir feabhas a chur air i gcónaí. D’fhéadfaí ról na Comhairle Fioscaí ó thaobh beartas fioscach a dhéanamh a neartú agus d’fhéadfaí laghdú a chur ar luaineacht an chreata mheántearmaigh.



(\*) Réamhfhaisnéis Earraigh Sheirbhísí an Choimisiúin 2022.  
Foinse: Eurostat, Seirbhísí an Choimisiúin.

**Ní chomhlíonann an Ungáir an critéir um an ráta malairte.** Ní bhíonn forint na hUngáire rannpháirteach in ERM II. Oibríonn an Ungáir córas *de jure* ráta malairte chomhlúthaigh, lena gceadaítear don bhanc ceannais idirghabhálacha a dhéanamh sa mhargadh malairte eachtraí. Ar an iomlán, dímheasadh an forint in aghaidh an euro thar an tréimhse a chumhdaítear sa tuarascáil, mar thoradh ar dhímheas ascalach agus gluaiseachtaí luachméadaithe. Go háirithe, tharla dímheas láidir díreach i ndiaidh

<sup>15</sup> Chun tuilleadh eolais a fháil, féach COM(2022) 85 final: [https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/economy-finance/com\\_2022\\_85\\_1\\_en\\_act\\_en.pdf](https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/economy-finance/com_2022_85_1_en_act_en.pdf).

ionradh na Rúise ar an Úcráin, rud a laghdáíodh go páirteach a bhuí le beartas sriantach airgeadais. I mí Aibreáin 2022, bhí an forint thart ar 5 % níos laige in aghaidh an euro ná mar a bhí 2 bhliain níos túsce. Ó thús éigeandáil COVID-19 tháinig méadú suntasach ar dhifreálaigh rátaí úis gearrthéarmacha i ndáil leis an limistéar euro, tráth a géaraíodh ar an ngluaiseacht in airde a chonaecthas roimhe sin i rátaí na hUngáire. Mhéadaigh an raon difríochta den chéad uair i ngeimhreadh 2020 agus in earrach luath 2020, tráth a ardaíodh rátaí airgeadais chun tacú leis an ráta malairte ag buaic na héigeandála. Tar éis tréimhse chobhsaíochta ar leibhéal thart ar 130 bonnphointe idir mí Eanáir agus mí an Mheithimh 2021, thosaigh an raon difríochta ar mhéadú go géar mar gheall ar theannadh sa bheartas airgeadais. Bhain an raon difríochta amach leibhéal 705 bhonnphointe i mí Aibreáin 2022.

**Ní chomhlíonann an Ungáir an critéar um chóineasú rátaí úis fadtéarmacha.** Ba é 4.1 % an meánráta úis fadtéarmach i mí Aibreáin 2022, ráta atá os coinn luach tagartha 2.6 %. Maidir le ráta úis fadtéarmach na hUngáire, a bhí thart ar leibhéal 2.5 % i mí Aibreáin 2020, tháinig laghdú air go dtí deireadh 2020, rud a léiríonn an t-éascú airgeadais a chuir na príomhbhainc cheannais i bhfeidhm. Tosaigh ráta úis fadtéarmach na hUngáire ag méadú arís in 2021, go háirithe ó mhí Mheán Fómhair 2021 ar aghaidh, rud a léiríonn an teannadh sa bheartas airgeadais, nó gur sháraigh sé 4 % i mí na Samhna 2021. Leanadh den mhéadú sna rátaí fadtéarmacha, agus cuireadh dlús leo tuilleadh i mí an Mhárta 2022, mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin. D'ainneoin an mhéadaithe sna rátaí i dtaca le banna tagarmhairc na Gearmáine le linn na tréimhse céanna, tháinig méadú le 2 bhliain anuas ar an raon difríochta i ndáil le banna tagarmhairc na Gearmáine agus bhain sé amach leibhéal 584 bhonnphointe i mí Aibreáin 2022.

Scrúdaigh an Coimisiún **tosca breise** freisin, lena n-áirítear forbairtí sa chomhardú íocaíochtaí agus comhtháthú na margáí. Mheathlaigh an comhardú seachtrach (an cuntas reatha agus caipitil le chéile) in 2020 agus 2021, go príomha mar thoradh ar fhás láidir na n-allmhairí nár cúitíodh le honnmhairí dá ndearnadh bristeacha COVID-19 difear. Tháinig meath ar an gcomhardú seachtrach ó 1.0 % de OTI in 2020 go -0.4 % in 2021. Tá geilleagar na hUngáire ard-chomhtháite sa limistéar euro trí naisc thrádála agus infheistíochta. Léiríonn táscairí roghnaithe a bhaineann leis an timpeallacht ghnó go bhfeidhmíonn an Ungáir níos measa ná roinnt Ballstát de chuid an limistéir euro. Tá dúshlán roimh an Ungáir i réimsí *inter alia* amhail an t-éilliú a rialú, an neamhspleáchas breithiúnach agus cáilíocht na cinnteoireachta. Is saintréith de chóras airgeadais na hUngáire é an líon mór sealúchas eachtrach atá ann agus nach bhfeidhmíonn aon idirghabháil airgeadais sa gheilleagar baile. Seachas na sealúchais sin, is lú an fhorbairt atá déanta ar chóras airgeadais na hUngáire ná mar atá orthu siúd sa limistéar euro. Léiríonn earnáil bhaincéireachta na Ungáire láithreach mhór agus sách cobhsaí san earnáil airgeadais agus tá sí comhtháite go maith i gcóras airgeadais an limistéir euro mar thoradh ar sciar sách mór d'úinéireacht eachtrach a bheith ann. Tá na margáí cothromais agus fiachais beag i lú an fhorbairt atá orthu ar bhonn coibhneasta.

Chuir an Ungáir isteach a plean téarnaimh agus athléimneachta an 11 Bealtaine 2021. Faoi láthair tá an Coimisiún i mbun an plean a mheasúnú chun a chinntiú go bhfuil na critéir mheasúnaithe uile á gcomhlíonadh. Sa phlean moltar infheistíochtaí agus athchóirithe chun an cúram príomhúil agus na hospidéal a neartú, méadú a chur ar acmhainneacht an iarnróid fho-uirbigh agus méadú a chur ar tháirgeadh an fhuinnimh inathnuaithe ar an leibhéal cónaitheach.


## 6. AN PHOLAINN

I bhfianaise a mheasúnaithe ar an gcomhoiriúnacht dhlíthiúil agus ar chomhlíonadh na gcritéar um chóineasú, agus ag cur san áireamh na dtosca breise ábhartha, measann an Coimisiún nach gcomhlíonann an Pholainn na coinníollacha chun an euro a ghlacadh.

Níl reachtaíocht sa Pholainn - go háirithe an tAcht um Narodowy Bank Polski (NBP) agus Bunreacht Phoblacht na Polainne - go hiomlán comhoiriúnach le dualgas na comhlíontachta faoi Airteagal 131 CFAE. Baineann neamh-chomhoiriúnachtaí le neamhspleáchas an bhainc ceannais, leis an toirmeasc ar mhaoiniú airgeadais agus le comhtháthú an bhainc ceannais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) tráth an euro a ghlacadh. Ina theannta sin, tá lochtanna san Acht um NBP a bhaineann le neamhspleáchas an bhainc ceannais agus le comhtháthú an bhainc ceannais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) tráth an euro a ghlacadh.

Ní chomhlíonann an Pholainn an critéar um chobhsaíocht praghsanna. Ba é 7.0 % an meánráta boillscithe sa Pholainn le linn na 12 mhí roimh mhí Aibreáin 2022, ráta atá i bhfad níos airde ná luach tagartha 4.9 %. Táthar ag tuar go bhfanfaidh sé ag leibhéal i bhfad níos airde ná an luach tagartha sna míonna atá le teacht.

Graf 6a: an Pholainn - Critéar boillscithe ó bhí 2016 ann  
(céatadán, meán gluaisreach 12mí)




Nóta: Na poncanna ar an taobh deas den ghráf, léiríonn siad an luach tagartha a thuarar agus meánráta boillscithe na tíre thar 12 mí i mí na Nollag 2022. Na luachanna tagartha do 2016, 2018 agus 2020, tagraíonn siad do luachanna ama ríomh sna Tuarascálacha maidir le Cóineasú a bhí ann roimhe. Foins: Eurostat, Reamhaisnéis Earraigh Sheirbhís an Choimisiúin 2022.

Chonacthas treocht leathan aníos i rátaí bliantúla boillscithe ICPT na Polainne le linn an chuid is mó de 2020 agus 2021, agus é ag meánráta 3.7 % in 2020 agus 5.2 % in 2021, go príomha mar thoradh ar bhoilsciú in earnálacha na seirbhísí agus an fhuinnimh. Thit ráta bliantúil ICPT go 2.9 % i mí Aibreáin 2020 mar gheall ar an tionchar díbhoilscitheach a bhain leis an gcéad ráig den phaindéim sa Pholainn. Faoi mhí an Mheithimh 2020 bhí sé tar éis teacht ar ais chuige féin go 3.8 % agus d'fhan sé cobhsaí ar an mórgóir go dtí mí Feabhra 2021. Ansin mhéadaigh an boilsciú bliantúil le linn 2021 agus thús 2022, á thiomáint ag arduithe i bpraghsanna fuinnimh agus bia chomh maith le borradh an chroibhoilscithe (á thiomáint ag earraí agus seirbhísí tionsclaíocha neamhfhuinnimh). Bhain sé amach leibhéal 7.0 % i mí Aibreáin 2022. In 2020 agus 2021 bhí rátaí bliantúla boillscithe ICPT sa Pholainn níos airde ar an meán ná mar a bhí sa limistéar euro.

Tuairtear go méadóidh an ráta boillscithe go 11.6 % in 2022 agus go 7.3 % in 2023 de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2022 ón gCoimisiún. Meastar go dtiocfaidh méadú mór ar phraghsanna fuinnimh de thoradh an tob-ardaithe ar phraghsanna fuinnimh rialáilte i dtús na bliana 2022, cé go ndéanfar an méadú a fhrithchothromú de

bheagán mar thoradh ar phacáiste beartais a chuir an rialtas ar bun chun laghdú a chur ar na rátaí cánach a íoctar i ndáil le táirgí fuinnimh agus bia. Tugann an leibhéal praghsanna sách íseal sa Pholainn (thart ar 56 % an mheáin sa limistéar euro in 2020) le tuiscint go bhféadfadh na leibhéil praghsanna teacht chun cóineasa go suntasach san fadtéarma.

**Comhlíonann an Pholainn na critéir um airgeadais phoiblí.** Níl an Pholainn faoi réir Cinneadh ón gComhairle maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann. Tháinig méadú géar ar an easnamh rialtais ginearálta go 6.9 % de OTI in 2020, agus thit sé go 1.9 % in 2021. De réir Réamhaisnéis an Earraigh, 2022 ón gCoimisiún meastar go meathlóidh an cóimheas idir easnamh agus OTI go 4.0 % in 2022, lena léirítear na bearta a rinne an rialtas chun laghdú a chur ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe sna praghsanna fuinnimh agus costas an chúnamh dóibh siúd atá ag teitheadh na hÚcráine. Tuartar go mbainfidh sé amach 4.4 % in 2023 ag glacadh le toimhde ‘gan athrú beartais’. An 23 Bealtaine 2022, ghlac an Coimisiún tuarascáil a ullmhaíodh i gcomhréir le hAirteagal 126(3) CFAE le haghaidh 18 mBallstát, lena n-áirítear an Pholainn. Ar an iomlán, agus na tosca ábhartha á gcur san áireamh mar is iomchuí, tugann an anailís sa tuarascáil le tuiscint nár chomhlíon an Pholainn an critéir um easnamh. I gcomhréir lena Theachtaireacht an 2 Márta 2022<sup>16</sup>, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua um easnamh iomarcach a thionscnamh. Thug sé dá aire go bhfuil tionchar ollmhór maicreacnamaíoch fíoscach i gcónaí ag paidéim COVID-19, rud a chruthaíonn, in éineacht le hionradh na Rúise ar an Úcráin, éiginnteacht as cuimse, lena n-áirítear i ndáil le conair mhionsonraithe a dhearadh don bheartas fíoscach. Ar na forais sin, mheas an Coimisiún nár cheart cinneadh a dhéanamh maidir le Ballstáit a chur faoin Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach (EDP) in earrach 2022. Laghdaigh cóimheas fiachas-OTI ó thart ar 57.1 % in 2020 go 53.8 % in 2021 agus tuartar go laghdóidh sé tuilleadh go 50.8 % in 2022 agus go 49.8 % in 2023. Léiríonn an anailís ar inbhuanaitheacht an fhiachais don Pholainn go bhfuil riosca íseal ann sa mheántéarma, go háirithe ó tharla go dtuartar go bhfanfaidh an t-ollfhiachas rialtais faoi bhun 60 % de OTI do dtí 2032. Tá creat fíoscach na Polainne láidir ar an iomlán agus tá na rialacha fíoscacha uimhriúla i gcroílár an chreata. Rinneadh an creat a mhaolú de bheagáin le déanaí chun foinsí brú ag éirí as paidéim COVID-19 a chur san áireamh.



(\*) Réamhaisnéis Earraigh Sheirbhís an Choimisiúin 2022.  
Foinse: Eurostat, Seirbhís an Choimisiúin.

**Ní chomhlíonann an Pholainn an critéir um an ráta malairte.** Ní bhíonn zloty na Polainne rannpháirteach in ERM II. Oibríonn an Pholainn córas *de jure* ráta malairte chomhlúthaigh, lena gceadaítear don bhanc ceannais idirghabhálacha a dhéanamh sa

<sup>16</sup> Chun tuilleadh eolais a fháil, féach COM(2022) 85 final: [https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/economy-finance/com\\_2022\\_85\\_1\\_en\\_act\\_en.pdf](https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/economy-finance/com_2022_85_1_en_act_en.pdf).

mhargadh malairte eachtraí. Dímheasadh an zloty go géar tar éis thús éigeandáil COVID-19 go luath in 2020. Ina dhiaidh sin chonaic sé tréimhse luaineachtaí ach níor léirigh sé aon treocht shoiléir go dtí mí Feabhra 2022. Rinne NBP idirghabháil ghníomhach sa mhargadh malairte eachtraí chun an zloty a chobhsú le linn na tréimhse sin. Le tús ionradh na Rúise ar an Úcráin lagaíodh an zloty. I mí Aibreáin 2022, bhí an zloty thart ar 2 % níos laige in aghaidh an euro ná mar a bhí 2 bhliain níos túsce. Chonacthas luaineachtaí láidre i ndifreálach an ráta úis gearrthearmaigh i ndáil leis an limistéar euro in 2020 agus 2021, rud a bhí ina léiriú scáthánach ar na héagsúlachtaí atá ann idir staideanna beartais airgeadais na Polainne agus an limistéir euro. Chúngaigh sé go dtí na leibhéil is ísle a bhí ann riamh i ndiaidh thús éigeandáil COVID-19 de dhroim maolú ar bheartas airgeadais NBP. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2021, leathnaíodh difreálach an ráta úis ghearrthearmaigh go mear le linn do NBP a bheartas a theannadh agus bhain an ráta tagartha leibhéal 5.25 % amach i mí na Bealtaine 2022. Mhéadaigh na cúlchistí idirnáisiúnta a bhí i seilbh NBP agus faoi dheireadh 2021 bhí suim EUR 147 mbilliún iontu (thart ar 26 % de OTI).

**Ní chomhlíonann an Pholainn an critéar um chóineasú rátaí úis fadtéarmacha.** Ba é 3.0 % an meánráta úis fadtéarmach le linn na bliana roimh mhí Aibreáin 2022, ráta atá os coinn luach tagartha 2.6 %. Mar thoradh ar mhaolú an bheartais airgeadais tar éis thús na paindéime in 2020, rannchuidíodh le laghdú suntasach ar na rátaí úis fadtéarmacha a d'fhan ar leibhéal 1.3 % do dtí deireadh 2020. I mí Eanáir 2021, bhain an ráta úis fadtéarmach amach an leibhéal is ísle a taifeadadh riamh (1.2 %) sular thosaigh méadú measartha ag teacht air go dtí an samhradh. Ansin rannchuidigh teannadh an bheartais airgeadais, a thosaigh i mí Dheireadh Fómhair 2021, le méadú nach beag ar na rátaí úis fadtéarmacha a bhain amach leibhéal 3,0 % i mí Aibreáin 2022. Chúngaigh raon difríochta an ráta úis fhadtéarmaigh go láidir i ndáil le banna tagarmhairc na Gearmáine le linn na míonna luatha d'éigeandáil COVID-19 agus rinne sé luainiú thart ar 180 bonnphointe go dtí mí Aibreáin 2021. I lár na bliana 2021, thosaigh sé ag méadú de bheagán agus faoi mhí Dheireadh Fómhair 2021 thosaigh an raon difríochta ar leathnú. Faoi dheireadh na bliana 2021, bhain raon difríochta an ráta úis fhadtéarmaigh amach leibhéal thart ar 373 bhonnphointe agus lean sé air ag leathnú go 521 bhonnphointe i mí Aibreáin 2022.

Scrúdaigh an Coimisiún **tosca breise** freisin, lena n-áirítear forbairtí sa chomhardú íocaíochtaí agus comhtháthú na margaí. Bhí barrachas i gcomhardú seachtrach na Polainne (an cuntas reatha agus caipitil le chéile) i gcónaí in 2020 agus 2021, ach lagaigh sé i dtreo dheireadh 2021 agus go luath in 2022 mar gheall ar ardú i bpraghsanna na n-allmhairí tráchtearraí. Tá geilleagar na Polainne ard-chomhtháite sa limistéar euro trí naisc thrádála agus infheistíochta. Léiríonn táscairí roghnaithe a bhaineann leis an timpeallacht ghnó go bhfeidhmíonn an Pholainn níos measa ná roinnt mhaith de Bhallstáit an limistéir euro, go háirithe i ndáil le táscairí maidir leis an smacht reachta agus éifeachtacht rialtas. Tá earnáil airgeadais na Polainne níos lú ná mar atá sa limistéar euro agus is lú an fhorbairt atá uirthi. Tá forlámhas láidir ag baint uirthi, baint atá comhtháite go maith i gcóras airgeadais an limistéir euro. Is lú an fhorbairt atá déanta ar an maoiniú margadh-bhunaithe, rud a léirítear sna margaí an-bheag atá ann le haghaidh fiachas cothromais agus fiachas san earnáil phríobháideach.

Chuir an Pholainn isteach a plean téarnaimh agus athléimneachta an 3 Bealtaine 2021. Sa phlean moltar infheistíochtaí agus athchóirithe chun geilleagar na Polainne a dhíchárbónú, an earnáil iompair a dhéanamh níos inbhuanaithe, aghaidh a thabhairt

ar dhúshláin a bhaineann leis an timpeallacht infheistíochta go háirithe maidir le córas breithiúnach na Polainne chomh maith le próisis chinnteoireachta agus próisis déanta dlí, feabhas a chur ar nascacht TF agus an córas cúraim sláinte a dhéanamh níos athléimní.

## 7. AN RÓMÁIN

**I bhfianaise a mheasúnaithe ar an gcomhoiriúnacht dhlíthiúil agus ar chomhlíonadh na gcritéar um chóineasú, agus ag cur san áireamh na dtosca breise ábhartha, measann an Coimisiún nach gcomhlíonann an Rómáin na coinníollacha chun an euro a ghlacadh.**


**Níl reachtaíocht san Rómáin** – go háirithe Dlí Uimh. 312 um an Reacht maidir le Banc na Rómáine (Dlí BNR) – **go hiomlán comhoiriúnach** le dualgas na comhlíontachta faoi Airteagal 131 CFAE. Baineann neamh-chomhoiriúnachtaí le neamhspleáchas an bhainc ceannais, leis an toirmeasc ar mhaoiniú airgeadais agus le comhtháthú an bhainc ceannais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) tráth an euro a ghlacadh. Ina theannta sin, tá lochtanna i nDlí BNR a bhaineann le neamhspleáchas an bhainc ceannais agus le comhtháthú an bhainc ceannais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) tráth an euro a ghlacadh maidir le cuspóirí BNR agus le cúraimí CEBC a leagtar síos in Airteagal 127(2) CFAE agus in Airteagal 3 CEBC/Reacht BCE.

**Ní chomhlíonann an Rómáin an critéar um chobhsaíocht praghsanna.** Ba é 6.4 % an meánráta boilscithe sa Rómáin le linn na 12 mhí roimh mhí Aibreáin 2022, ráta atá i bhfad níos airde ná luach tagartha 4.9 %. Táthar ag tuar go bhfanfaidh sé ag leibhéal níos airde ná an luach tagartha sna míonna atá le teacht.

Cuireadh dlús le boilsciú ICPT sa Rómáin le linn 2021 ó mheánráta 2.3 % in 2020 go 4.1 % in 2021. Thit an ráta bliantúil boilscithe ó 3.9 % i mí Eanáir 2020 go 1.8 % i mí na Bealtaine 2020, lena léirítear an t-éileamh laghdaithe ar earraí agus seirbhísí ó thú phaindéim COVID-19, chomh maith le titim ghearr i bpraghas idirnáisiúnta na hamhola sa chéad 4 mhí de 2020. Tar éis ardú sealadach go 2.5 % i mí Lúnasa 2020, lena léirítear boilsciú láidir i bpraghsanna bia, tháinig meath air arís go dtí 1.7 %, a leibhéal ab ísle, i mí na Samhna 2020. Ina dhiaidh sin, d'ardaigh an ráta boilscithe go seasta, nó gur baineadh amach ráta 3.5 % i mí an Mheithimh 2021 agus ráta 6.7 % i mí na Nollag 2021. Bhí an méadú á thiomáint ag praghsanna fuinnimh níos airde le linn 2021 agus, sa dara leath de 2021, rinne croíbhailsciú níos airde é a chothú freisin. Leanadh den dlús a bhí á chur leis le linn na 4 mhí in 2022, nó gur bhain sé amach leibhéal 11.7 % i mí Aibreáin 2022. In 2020 agus 2021 bhí rátaí bliantúla boilscithe ICPT sa Rómáin níos airde ar an meán ná mar a bhí siad sa limistéar euro.

De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2022 ón gCoimisiún meastar go méadóidh an meánráta bliantúil boilscithe go 8.9 % in 2022, sula dtitfidh sé go 5.1 % in 2023. Tarlaíonn an t-ardú suntasach in 2022 go príomha mar thoradh ar an tob-ardú i bpraghsanna fuinnimh, agus rannchuidíonn praghsanna bia leis freisin. Tugann an leibhéal praghsanna sách íseal sa Rómáin (thart ar 52 % an mheáin sa limistéar euro in 2020) le tuiscint go bhféadfadh na leibhéil praghsanna teacht chun cóineasa go suntasach san fadtéarma.

Graf 7a: an Rómáin - Critéar boilscithe ó bhí 2016 ann




Nóta: Na poncanna ar an taobh deas den ghráf, léiríonn siad an luach tagartha a thuarar agus meánrata boilscithe na tíre thar 12 mí i mí na Nollag 2022.

Na luachanna tagartha do 2016, 2018 agus 2020, tagraíonn siad do luachanna arna ríomh sna Tuarascálacha maidir le Cóineasú a bhí ann roimhe.

Foinsín: Eurostat, Reamhaisnéis Earraigh Sheirbhís an Choimisiúin 2022.

**Ní chomhlíonann an Rómáin an critéar um airgeadais phoiblí.** Tá an Rómáin faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach ó mhí Aibreáin 2020, bunaithe ar na forbairtí réamhphaindéime. An 18 Meitheamh 2021, agus cur i bhfeidhm leanúnach chlásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis á chur san áireamh, ghlac an Chomhairle moladh athbhreithnithe faoi Airteagal 126(7) den Chonradh (CFAE), d'fhonn deireadh a chur leis an easnamh iomarcach rialtais sa Rómáin faoi 2024 ar a dhéanaí. An 23 Bealtaine 2022, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, agus olltoradh easnaimh 7.1 % de OTI in 2021 agus an iarracht fhioscach in 2021 á gcur san áireamh, go raibh an Rómáin i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 agus gur cheart an nós imeachta um easnamh iomarcach a choinneáil ar stad. Tharla an feabhas san easnamh rialtais ginearálta in 2021, anuas ó 9.3 % de OTI in 2020, go príomha mar gheall ar ioncaim níor airde mar thoradh ar an téarnamh eacnamaíoch, fad agus gur chuir an rialtas i bhfeidhm roinnt beart comhdhlúthaithe freisin, lena n-áirítear pá san earnáil phoiblí a chalcadh. De réir Réamhaisnéis an Earraigh, 2022 ón gCoimisiún tuartar go laghdóidh an t-easnamh rialtais ginearálta tuilleadh go 7.5 % OTI in 2022, d'ainneoin na mbeart a rinne an rialtas chun laghdú a chur ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe sna praghsanna fuinnimh agus costas an chúnaimh dóibh siúd atá ag teitheadh na hÚcráine. Tuartar go laghdóidh sé go 6.3 % de OTI in 2023, ag glacadh leis an toimhde 'gan athrú beartais'. Mar sin féin, i gcás 2022 agus 2023 araon, tá an baol ann nach gcomhlíonfaidh an Rómáin na spriocanna fioscacha a bunaíodh leis an Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021. Mhéadaigh cóimheas fiachas-OTI ó 47.2 % in 2020 go 48.8 % in 2021 agus tuartar go méadóidh sé tuilleadh go 50.9 % in 2022 agus go 52.6 % in 2023. Dealraíonn rioscaí inbhuanaitheachta fiachais na Rómáine a bheith ar leibhéal meánach sa mheántearma, go háirithe ó tharla go dtuartar go méadóidh an t-ollfhiachas rialtais go dtí thart ar 73 % de OTI in 2032 agus mar thoradh ar an leochaileacht shuntasach i leith forbairtí macra-airgeadais a bhaineann leis na réamh-mheastacháin. D'ainneoin go bhfuil an timpeallacht iomchuí reachtach sa tír, tá an cuntas teiste ó thaobh creat fioscach na Rómáine a chur chun feidhme tar éis a bheith lag go ginearálta agus níor tháinig feabhas air ó eisíodh an tuarascáil dheiridh. Go háirithe, tá na rialacha bliantúla buiséid tar éis teacht salach

arís is arís eile ar na rialacha fioscacha náisiúnta agus níor treoraíodh iad trí bhíthin straitéisí buiséadacha meántéarmacha.



(\*) Réamhaisnéis Earraigh Sheirbhís an Choimisiúin 2022.  
 Foinsé: Eurostat, Seirbhís an Choimisiúin.

**Ní chomhlíonann an Rómáin an critéar um an ráta malairte.** Ní bhíonn leu na Rómáine rannpháirteach in ERM II. Oibríonn an Rómáin córas *de jure* ráta malairte chomhlúthaigh, lena gceadaítear don bhanc ceannais idirghabhálacha a dhéanamh sa mhargadh malairte eachtraí. Tháinig dímhéas seasta ar an leu in aghaidh an euro in 2020 agus 2021. I mí Aibreáin 2022, bhí an leu thart ar 2 % níos laige in aghaidh an euro le hais mar a bhí 2 bhliain níos túisce. Idir mí an Mhárta 2020 agus mí Feabhra 2021 tháinig laghdú thart ar 120 bonnphointe ó 330 bonnphointe ar raon difríochta an ráta úis mheántearmaigh i ndáil leis an limistéar euro, rud a bhí ina léiriú scáthánach ar na ciorraithe ráta príomhbheartais a rinne BNR thar an tréimhse sin. Ina diaidh sin, mhéadaigh sé óna íospointe ag beagáinín os cionn 200 bonnphointe i mí an Mheithimh 2021 go dtí thart ar 520 bonnphointe i mí Aibreáin 2022, de réir mar a cuireadh teannadh leis an mbeartas airgeadais idir mí Mheán Fómhair 2021 agus mí Aibreáin 2022.

**Ní chomhlíonann an Rómáin an critéar um chóineasú rátaí úis fadtéarmacha.** Ba é 4.7 % an meánráta úis fadtéarmach le linn na bliana roimh mhí Aibreáin 2022, ráta atá os coinn luach tagartha 2.6 %. Ag tús éigeandáil COVID-19, mhéadaigh an ráta úis fadtéarmach sa Rómáin go géar ó 4.0 % i mí Feabhra 2020 go 4.8 % i mí Aibreáin 2020. Ina dhiaidh sin, tháinig laghdú seasta air go dtí íospointe 2.7 % i mí Feabhra 2021, agus bhí an meath ina léiriú ar bhearta scaoilte beartais airgeadais a bhí á gcur i bhfeidhm go forleathan ag bainc cheannais. Thosaigh rátaí úis ar mhéadú arís i mí an Mhárta 2021 agus bhí conair aníos leo le linn an chuid eile den bhliain, ag ardú go 5.4 % i mí na Nollag 2021, lena léirítear brúnna boilscithe níos airde agus, ó mhí Dheireadh Fómhair 2021, teannadh beartais airgeadais sa Rómáin. Sa chéad 4 mhí de 2022, mhéadaigh ráta úis fadtéarmach na Rómáine tuilleadh go 6.6 % i mí Aibreáin 2022, i gcomhthéacs brúnna boilscithe leanúnacha, teannadh breise beartais airgeadais agus col riosca níos mó i ndiaidh ionradh na Rúise ar an Úcráin. Bhí an raon difríochta fadtéarmach i gcoinne bhanna tagarmhairc na Gearmáine tar éis 586 bhonnphointe a bhaint amach an mhí sin, méadú aníos ó 310 bonnphointe i mí Feabhra 2021.

Scrúdaigh an Coimisiún **tosca breise** freisin, lena n-áirítear forbairtí sa chomhardú íocaíochtaí agus comhtháthú na margaidh. Mheathlaigh comhardú seachtrach na Rómáine (an cuntas reatha agus caipitil le chéile) ó -3.1 % de OTI in 2020 go -4.8 % in 2021, go príomha mar thoradh ar leathnú san easnamh trádála tráchtarraí. Tá

geilleagar na Rómáine ard-chomhtháite sa limistéar euro trí naisc thrádála agus infheistíochta. Léiríonn táscairí roghnaithe a bhaineann leis an timpeallacht ghnó go bhfeidhmíonn an Rómáin níos measa ná roinnt Ballstát de chuid an limistéir euro. Go háirithe, tá srianta ar chuideachtaí ó thaobh gnó a dhéanamh amhail an t-éilliú, margáí le haghaidh seirbhísí gnó atá ró-rialáilte, athruithe minice reachtacha maille le measúnaithe tionchair neamhdhóthanach. Tá earnáil airgeadais na Rómáine níos lú ná mar atá sa limistéar euro agus is lú an fhorbairt atá uirthi. Tá earnáil bhaincéireachta na Rómáine comhtháite go maith i gcóras airgeadais an limistéir euro, go háirithe trí ardleibhéal úinéireachta eachtraí ina córas baincéireachta. Mar sin féin, is lú an fhorbairt atá déanta ar an maoiniú margadh-bhunaithe, rud a léirítear sna margáí an-bheag atá ann le haghaidh fiachas cothromais agus fiachas san earnáil phríobháideach. I gcomhthéacs an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ina Thuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh le haghaidh 2022 go raibh údar ann chun Grinn-Athbhreithniú a dhéanamh i leith na Rómáine. Tháinig an Grinn-Athbhreithniú sin ar an gconclúid go bhfuil an Rómáin ag dul faoi mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. Baineann leochaileachtaí le cuntais sheachtracha agus tá siad ceangailte le heasnaimh mhóra fhioscacha agus le saincheisteanna iomaíochais atá ag teacht chun cinn athuair.

Tabharfar aghaidh ar na príomhdhúshláin maicreacnamaíocha trí bhíthin chur chun feidhme éifeachtach na n-athchóirithe agus na hinfeistíochta a leagtar amach i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine. Ar na dúshláin sin tá inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí, an t-oidreachas, astaíochtaí gás ceaptha teasa méadaitheacha agus easpa nascachta digití. Sa phlean áirítear infheistíochtaí tábhachtacha le haghaidh nuachóiriú iarnróid, éifeachtúlacht fuinnimh i gcomhair foirgneamh, an riarachán poiblí a dhigitiú agus an córas sláinte a dhéanamh níos athléimní. Tá sé d'aidhm ag na príomh-athchóirithe aghaidh a thabhairt ar an inbhuanaitheacht fhioscach, feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú, an riarachán poiblí a neartú agus córas na sochar sóisialta a nuachóiriú. Tá sé d'aidhm ag an bplean freisin aghaidh a thabhairt ar na príomh-shaincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta a urramú sa Rómáin trí neamhspleáchas na breithiúnachta a neartú agus éifeachtúlacht na breithiúnachta a mhéadú, feabhas a chur ar an rochtain ar cheartas, agus dlús a chur leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe.


## 8. AN tSUALAINN

**I bhfianaise a mheasúnaithe ar an gcomhoiriúnacht dhlíthiúil agus ar chomhlíonadh na gcritéar um chóineasú, agus ag cur san áireamh na dtosca breise ábhartha, measann an Coimisiún nach gcomhlíonann an tSualainn na coinníollacha chun an euro a ghlacadh.**

**Níl reachtaíocht sa tSualainn** – go háirithe an tAcht um Sveriges Riksbank, an Ionstraim Rialtais agus an Dlí maidir leis an mBeartas Ráta Malairte – **go hiomlán comhoiriúnach** le dualgas na comhlíontachta faoi Airteagal 131 CFAE. Baineann neamh-chomhoiriúnachtaí agus lochtanna i réimsí amhail neamhspleáchas an bhainc ceannais, an toirmeasc ar mhaoiniú airgeadais agus comhtháthú an bhainc ceannais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) tráth an euro a ghlacadh.

**Chomhlíonann an tSualainn an critéar um chobhsaíocht praghsanna.** Ba é 3.7 % an meánráta boilscithe sa tSualainn le linn na 12 mhí roimh mhí Aibreáin 2022, ráta atá i bhfad níos airde ná luach tagartha 4.9 %. Tá an Coimisiún ag tuar go bhfanfaidh sé ag leibhéal faoi bhun an luacha tagartha sna míonna atá le teacht.

Graf 8a: an tSualainn - Critéar boilscithe ó bhí 2016 ann



Nóta: Na poncanna ar an taobh deas den ghráf, léiríonn siad an luach tagartha a thuarar agus meánrata boilscithe na tíre thar 12 mí i mí na Nollag 2022.

Na luachanna tagartha do 2016, 2018 agus 2020, tagraíonn siad do luachanna arna ríomh sna Tuarascálacha maidir le Cóineasú a bhí ann roimhe.


Foinsí: Eurostat, Reamhaisnéis Earraigh Sheirbhísí an Choimisiúin 2022.

Ba é 2.7 % ráta boilscithe ICPT na Sualainne ar an meán in 2021, aníos ó 0.7 % in 2020. Le linn 2021, bhí treocht láidir aníos leis an ráta boilscithe ICPT, agus cuireadh dlús géar leis sna chéad mhíonna de 2022, nó gur bhain sé amach leibhéal 6.6 % i mí Aibreáin 2022. Briseadh an treocht ar feadh tamall gearr i lár na bliana 2021, nuair a tháinig laghdú ar an mboilsciú mar thoradh ar mhaolú sealadach ar an méadú sna praghsanna le haghaidh seirbhísí agus earraí tionsclaíocha, de réir mar a coigeartaíodh iad i ndiaidh na chéad ráige den phaindéim. Bhí an t-ardú boilscithe bliain ar bhliain ina léiriú ar phraghsanna fuinnimh fíor-arda — praghsanna leictreachais go háirithe —, agus níos déanaí sa bhliain, méaduithe praghsanna níos leithne thar chatagóirí éagsúla an phraghasinnéacs tomhaltóirí. Le linn 2021, bhí boilsciú na Sualainne ar an mórgóir i gcomhréir le boilsciú an limistéir euro. 6.6 % ab ea an ráta boilscithe bliantúil ICPT i Aibreáin 2022.

I Réamhaisnéis an Earraigh 2022 ón gCoimisiún, tá sé tuartha ag an gCoimisiún go méadóidh an boilsciú go 5.3 % in 2022, de dhroim praghsanna fuinnimh agus tráchtearraí níos airde ag idirghníomhú le méaduithe praghsanna is leithne níos marthanaí, agus bristeacha sa slabhra soláthair, sula titfidh sé go 3.0 % in 2023. Tá leibhéal praghsanna na Sualainne sách ard (thart ar 116 % de mheán an limistéir euro in 2020), agus i bhfianaise leibhéal na forbartha eacnamaíche, ní dócha go dtarlóidh cóineasú i dtreo an leibhéil praghsanna atá i réim sa limistéir euro.

**Comhlíonann an tSualainn an critéar um airgeadais phoiblí.** Níl an tSualainn faoi réir Cinneadh ón gComhairle maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann. D’fheabhsaigh an comhardú ginearálta rialtais ó easnamh 2.7 % de OTI in 2020 go dtí easnamh 0.2 % de OTI in 2021, lena léirítear an deireadh a cuireadh de réir a chéile le roinnt bhearta COVID-19 a bhí ceannasach i roinnt réimsí ó thaobh caiteachas tacaíochta leanúnach, agus éifeacht ainmneora de réir mar a rinne an fás teacht aniar in 2021. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2022 ón gCoimisiún, meastar go mbainfidh an comhardú ginearálta rialtais amach leibhéal -0.5 % de OTI in 2022 agus leibhéal 0.5 % in 2023, lena léirítear go páirteach tarraingt siar na tacaíochta fiosaí de réir mar a thagann bun ar an téarnamh. Laghdaigh cóimheas fiachas-OTI ó 39.6 % in 2020 go 36.7 % in 2021 agus meastar go laghdóidh sé tuilleadh go 33.8 % in 2022 agus sé go 30.5 % in 2023. Dealraíonn rioscaí inbhuanaitheachta fiachais na

Sualainne a bheith ar leibhéal íseal, go háirithe ó tharla go dtuartar go meathlóidh an t-ollfhiachas rialtais go dtí leibhéal thar a bheith íseal faoi 2032 (thart ar 11 % de OTI). Is teoranta í leochaileacht na réamh-mheastachán i leith forbairtí macra-airgeadais. Creat láidir fioscach atá ag an tSualainn a athchóiríodh in 2019, lenar caomhnaíodh príomhcholuín an eagair a bhí air roimhe sin agus lenar neartaíodh na heilimintí nua sin (amhail ancaire fiachais ar leibhéal 35 % de OTI).



(\*) Réamhaisnéis Earraigh Sheirbhís an Choimisiúin 2022.  
 Foins: Eurostat, Seirbhís an Choimisiúin.

**Ní chomhlíonann an tSualainn an critéar um an ráta malairte.** Ní bhíonn krona na Sualainne rannpháirteach in ERM II. Oibríonn an tSualainn córas *de jure* ráta malairte chomhlúthaigh, lena gceadaítear don bhanc ceannais idirghabhálacha a dhéanamh sa mhargadh malairte eachtraí. Tar éis tréimhse fhada a chonaic dímheas mall in aghaidh an euro idir 2013 agus tréimhse luath 2020, thosaigh an krona ag luachmhéadú de dhroim athléimneacht an gheilleagair i leith éigeandáil COVID-19. Idir mí Aibreáin 2020 agus mí na Samhna 2021, tháinig luachmhéadú nach mór 8 % ar an krona in aghaidh an euro. Tharla an luachmhéadú d'ainneoin dálaí cobhsaí airgeadais a bheith i réim (i gcomparáid leis an limistéar euro), ina raibh raon difríochta STIBOR-EURIBOR ar leibhéal 50 bonnphointe agus 51 bhonnphointe ar an meán le linn 2020 agus 2021 faoi seach. Ag tús 2022, tháinig dímheas ar an krona, de réir mar a spreag ionradh na Rúise ar an Úcráin sreabha airgid chuig tearmainn, lena léirítear athruithe san inghlacthacht rioscaí agus sreabha sealadacha a bhaineann le híocaíochtaí díbhinne de chuid gnólachtaí ilnáisiúnta. Ina dhiaidh sin, tháinig an krona ar ais chuige féin de bheagán. I mí Aibreáin 2022, thart ar 55 bhonnphointe a bhí an raon difríochta agus bhí an ráta malairte 5 % níos láidre in aghaidh an euro ná mar a bhí sé 2 bhliain níos túisce.

**Comhlíonann an tSualainn an critéar um chóineasú rátaí úis fadtéarmacha.** Ba é 0.4 % an meánráta úis fadtéarmach le linn na bliana roimh mhí Aibreáin 2022, ráta atá go maith faoi bhun luach tagartha 2.6 %. Ó thús 2021, tá rátaí fadtéarmacha úis na Sualainne tar éis a bheith ag luainiú timpeall leibhéal 0.3 % ar bhonn míosúil. Tá sé sin beagán níos airde ná mar a bhí an bhliain roimhe sin. D'fhan an raon difríochta i ndáil le banna tagarmhairc na Gearmáine ar leibhéal íseal in 2020 agus 2021, agus laghdaigh sé fiú de bheagán, tar éis buaic 76 bhonnphointe de thoradh COVID a bhaint amach i mí an Mhárta 2021, anuas go dtí 46 bhonnphointe i mí Feabhra 2022. Tar éis dó ardú le déanaí, ba é 72 bhonnphointe an raon difríochta i mí Aibreáin 2022.

Scrúdaigh an Coimisiún **tosca breise** freisin, lena n-áirítear forbairtí sa chomhardú íocaíochtaí agus comhtháthú na margáí. D'fhan barrachas i gcomhardú seachtrach na

Sualainne (an cuntas reatha agus caipitil le chéile), ar leibhéal 6.1 % de OTI in 2020 agus 5.5 % in 2021. Tá geilleagar na Sualainne ard-chomhtháite sa limistéar euro trí naisc thrádála agus infheistíochta. Léiríonn táscairí roghnaithe a bhaineann leis an timpeallacht ghnó go bhfeidhmíonn an tSualainn níos fearr ná an chuid is mó de Bhallstáit an limistéir euro. Tá ardfhorbairt ar earnáil airgeadais na Sualainne agus tá sí comhtháite go maith in earnáil airgeadais an Aontais. Tá forlámhas ag an mbaincéireacht san earnáil airgeadais, ach is codanna dílse den earnáil, lena ngabhann méideanna suntasacha, iad na cistí árachais agus pinsean. Thairis sin, tá ag an tSualainn ceann de na margáí creidmheasa agus cothromais is forbartha i measc Bhallstáit an Aontais, agus tá leibhéal an mhaoinithe margaidh a dhéantar ann i measc na leibhéal is airde san Aontas. I gcomhthéacs an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíochta, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ina Thuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh le haghaidh 2022 go raibh údar ann chun Grinn-Athbhreithniú a dhéanamh i leith na Sualainne. Bunaithe ar an measúnú ón nGrinn-Athbhreithniú, measann an Coimisiún go bhfuil an tSualainn ag dul faoi mhíchothromaíochtaí, agus go bhfuil leochaileachtaí aici a bhaineann le praghsanna tithíochta atá ard agus ag dul in airde maille le hardfhéichiúnas teaghlaigh, rud a fhágann an tSualainn neamhchosanta ar rioscaí ó thurraingí díobhálacha agus ó cheartúchán mí-ordúil praghsanna tithíochta, as a dtiocfaidh impleachtaí dochracha don fhíorghuilleagar agus don earnáil bhaincéireachta.

Tabharfar aghaidh ar na príomhdhúshláin maicreacnamaíochta trí bhíthin chur chun feidhme éifeachtach na n-athchóirithe agus na hinfheistíochta a leagtar amach i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne. Orthu sin áirítear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, an t-athrú déimeagrafach, agus an córais oideachais agus an córas cúraim sláinte a neartú. Ar na príomh-infheistíochtaí áirítear scéimeanna fóirdheontais chun dlús a chur le dícharbónú an tionscail agus an iompair, leathanbhanda ardluais a chur chun feidhme sna limistéir inar tearc an daonra agus infheistíocht san fhoghlaim agus i scileanna digiteacha. Baineann na príomh-athchóirithe le ceangal a chur ar sholáthróirí breosla bithbhreoslaí a chumas le peitreal, díosal agus scairdbhreosla, feabhas a chur ar inbhuanaitheacht na gcóras pinsean agus slándála sóisialta, sciúradh airgid a chomhrac, méadú a chur ar an rochtain ar an gcóras cúraim sláinte agus an acmhainn atá ann a mhéadú, agus an soláthar tithíochta a chur chun cinn trí laghdú a chur ar an líon scrogall sa nós imeachta ceadúnas.